Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Deich mBliana Chomóradh an Chéid 2012-2023

Clár 2021


CEASE FIRE!
Historic Orders From Both Sides
THE IRISH TRUCE
ctive Operations to be
ended by British Forces
I.R.A.
THE PRESIDENT'S APPEA
y Soldier and Citizen a Cus
of the Nation's Honour"
al events in connection with Friday's Mansion
een the Nationalist leaders and the Irish Unio
heir sequel yesterday, when it was announce
ities by the I.R.A. and the British Crown f
mid-day on to-morrow (Monday).
t has since been confirmed by a commu
Q., Parkgate street, and an I.R
Staff.
uce are clear
lude



Abhar

Réamhrá ón tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán 3

Comhthéacs ó gCathaoirleach an Ghrúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid 4

Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2021 5

Cuspóirí an Chláir 6

Téamaí an Chláir 7

Sráitheanna an Chláir 8

SRAITH NA SEARMANAS STÁIT 9

SRAITH NA STAIRE 10

SRAITH AN PHOBAIL 27

SRAITH NA CRUTHAITHEACHTA 38

cliceáil anseo le haghaidh faisnéise fotheidil/ creidmheasaar faoi íomhá sa Chlár

Réamhrá

Is ábhar ríméid agam Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid don bhliain 2021 a chur i láthair.

Táthar anois, mar a thuigeann na léitheoirí ar fad go maith, i mbun comórtha ar an tréimhse is deacra agus is anróití den chomóradh, lena mbaineann an Troid ar son na Saoirse, Cogadh na gCarad, deighilt na tíre agus Bunú an Stáit. Tá de chúram ormsa, i m'Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dom, a chinntiú go ndéantar comórtha ar an tréimhse casta sin le clár cuí, bríomhar, cothrom, cóir le haird ar dhlisteanas na dtraidisiún ar fad, le béim ar mheas agus urraim dá chéile agus le hionracas dáiríre maidir le gnéithe na staire.

Tá treoir shoiléir curtha ar fáil ag Grúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid - ba cheart go mbeadh béim ag an Stát i gcónaí ar chomóradh, ar chuimhneachán agus ar an athmhuintearas. Is den tábhacht, sílimse, a admháil nach é is ciall leis sin go ndéantar neamhaird de dhifríochtaí agus den deighilt. Ba chasta anróiteach an ghluaiseacht a bhain le féinrialú agus stádas náisiúin a thabhairt i gcrích agus tharla eachtraí foréigin agus tragóide lena linn nach raibh cleachtadh ná taithí ar a leithéid go dtí sin.

Tá de ról leis an Stát ina leith seo meon measartha, uilechuimsitheach, tuisceanach a chur chun tosaigh; léiriú dílis a thabhairt ar an stair, fiú sa chás go mbaineann crá agus anó le scéal na staire. Ní mór an tragóid a ghabh le bás dhaoine nó le hathrú gan leigheas ar shaol dhaoine i rith na mblianta anróiteacha corraitheacha sin a admháil agus a thuiscint.

Tá mionchruinneas staire, ionracas léinn agus leathnú ar réimse an ábhair cartlainne ina mbunchlocha faoin gclár comórtha a leanann go dlúth de thráthchlár na n-imeachtaí cothrom céad bliain roimh ré.

Tarraingíonn stair na réabhlóidíochta ceisteanna anróiteacha. Tagann cur chuige an Rialtais, maidir leis an gcaoi is fearr chun comóradh tuisceanach an chéid a dhéanamh go hoiriúnach, tomhaiste, measartha ar imeachtaí céad bliain ó shin, faoi anáil Ghrúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid, faoi stiúir stuama an Dr Maurice Manning agus an Dr Martin Mansergh. Is mian liom an meas atá agam ar an nGrúpa mar gheall ar an obair thábhachtach sin a chur in iúl.

Tá cuid mhór bealaí ann chun foghlaim faoin stair agus féachtar tríd an gclár seo le heolas ar stair na tíre a bheith níos áisiúla, níos spéisiúla agus níos tábhachtaí ag daoine. Tá réimse leathan tionscnamh i gceist maidir le bearta cuimhneacháin agus comórtha ar eachtraí suntasacha a tharla i rith na bliana 1921 agus le téamaí tábhachtacha níos ginearálta. Tá buiséad €5 milliún á chur ar fáil maidir le clár comórtha na bliana 2021 – ardú suntasach €3 milliún i gcomparáid le ciste na bliana seo caite.

Tugtar san áireamh faoin gclár na gnéithe míleata chomh maith leis an traidisiún bunreachtúil parlaiminte agus próisis an daonlathais mar atá de bhonn faoin uile thraidisiún ar an oileán. Scrúdaítear athruithe sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta faoi mar a bhí ag titim amach céad bliain ó shin. Dírítear aird ar chion oibre na mban ag an am agus ar an saol a chaith siad. Cáipéis bheo an clár seo a mbeidh leasú uirthi de réir mar a thagann pleananna chun cinn agus mar a dheimhnítear páirtnéirí nua agus tionscadail nua.

Baineann stair an tréimhse seo leis an uile dhuine againn agus is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an uile dhuine a chuir leis an gclár – na húdaráis áitiúla, grúpa pobail áitiúla agus coistí comórtha, na forais náisiúnta cultúir, na forais léinn, caomhnóirí cartlainne, ealaíontóirí agus an t-aos dána, eagraíochtaí meán cumarsáide agus craoltóireachta agus eile. Tá bearta spéisiúla spreagúla á gcruthú mar gheall ar dhúthracht, ar dhíograis agus ar dhíocas na bpáirtnéirí ionas go spreagtar oiread daoine agus is féidir le tabhairt faoi stair mhuintir an oileáin ar fad a scrúdú agus na gnéithe casta a thuiscint le meon measa an chomhair.

Catherine Martin, TD

An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Comhthéacs ó gCathaoirleach an Ghrúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid

An tráth ar bhunaigh Taoiseach na linne, Éanna Ó Cionnaith, Grúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid sa bhliain 2012, leagadh dhá chúram mórthábhachta orainn.

Ar an gcéad dul síos, bhí ionracas an phróiseas comórtha ar fad a choinneáil slán - a chinntiú gur leis na daoine Deich mBliana an Chuimhneacháin agus nach dtarlódh múnlú ar bith ar mhaithe le cúrsaí polaitíochta ná eile - dá dtiocfadh sin ón Rialtas nó ó aon ghrúpa sainleasa eile .

Ar an gcéad dul síos, bhí ionracas an phróiseas comórtha ar fad a choinneáil slán - a chinntiú gur leis na daoine Deich mBliana an Chuimhneacháin agus nach dtarlódh múnlú ar bith ar mhaithe le cúrsaí polaitíochta ná eile - dá dtiocfadh sin ón Rialtas nó ó aon ghrúpa sainleasa eile .

Ar an dara cúram bhí na bunphrionsabail threoracha a leagan amach ionas go gcinnteofaí gur go dáiríre a dhéanfaí comóradh cuimhneacháin ar eachtraí staire agus go raibh an clár comórtha measúil, íogair, dírithe ar an saoránach agus comhréireach.

Ag tabhairt faoin obair dúinn, bhíothas láneolach faoin stair amháin a bheith againn ar an oileán seo ach nach í an aon chuimhne amháin atá againn ar na heachtraí cinniúnacha.

Bhíothas soiléir, i ngach ceann de na ráitis, nár cheart neamhaird a dhéanamh sa chomóradh ar dheighilt agus ar dhifríocht. Dúradh gur fearr a bhainfí amach cuspóir na cuimsitheachta... *'mura bhféachfaí leis an aon leas amháin i gcoiteann nó rannpháirtíocht uilechuimsitheach a thabhairt i gcrích ach go spreagfaí bearta iléagsúla comórtha mar bhearta cuimhneacháin ar an stair an tráth céanna a gcinnteofaí, oiread agus is féidir, nach spreagfadh an comóradh seanteannas'*...

Is fíor a rá, sílim, go raibh fiúntas leis an gcomóradh le hocht mbliana anuas agus taitneamh le baint as. Ní bhraitear, go dtí seo, aon tuiscint go bhfuil daoine tuirseach den chomóradh, ainneoin a gcuireann paindéim COVID-19 de dheacracht romhainn faoi láthair. I rith na nDeich mBliana, tá na geallsealbhóirí go léir, ar fud earnálacha na polaitíochta, an phobail, an oideachais agus na fiontraíochta agus ar fud phobal na hÉireann ar fud an domhain, tugtha don chúram. Tá léargas nua, eolas nua agus tuiscint nua ar chastachtaí na linne ag eascairt ó ábhar cartlainne a chur ar fáil agus ón taighde atá ar bun ag staraithe, daoine arb í an stair an ghairm beatha acu agus daoine ar ábhar spéise acu í.

Feictear chomh maith borradh seachas mar a tharla riamh roimhe seo i spéis agus i mórtas an phobail i bhfiosrú na staire, go háirithe an stair áitiúil agus stair an teaghlaigh.

Feictear an acmhainn atá i bpobal ceantair cur le chéile agus toradh fiúntach a thabhairt i gcrích nuair a bhíonn an córas cuí agus an cúnamh ceart ar fáil ionas go mbaintear leas as dícheall, saineolas agus cruthaitheacht faoi leith an uile dhuine. Is iontach na páirtnéirí na húdaráis áitiúla i ndáil leis an gcúram sin – comóradh tuisceanach bunaithe i measc an phobail á chur chun cinn acu le meas faoi leith ar an gcomhthéacs áitiúil.

Is ábhar mórtais ag muintir na tíre an chaoi ar tugadh faoin gcomóradh ar eachtraí na bliana 1916 - go tréitheach, mórálach, cineálta, cneasta. Tá muintir na tíre ar a gcompord anois le stair na tíre – dearcadh oibiachtúil againn ar ar thit amach in ionad aon tuairim amháin.

An ní is tábhachtaí ar fad, bhí aird agus meas ar ghlórtha nach móide go raibh deis acu labhairt amach roimhe seo ach a raibh saoirse anois acu comóradh a dhéanamh ar a dtraidisiún féin mar chuid de na snátha éagsúla atá fite sa stair chuimsitheach.

Tá mé ag súil go mór go leanfaidh meon seo na huilechuimsitheachta, de réir na bprionsabal atá le próiseas an chomórtha go dtí seo, go háirithe agus sinn ag tabhairt faoi bhearta cuimhneacháin maidir le Gluaiseacht na Saoirse, Deighilt na Tire, Bunú an Stáit agus Cogadh na gCarad.

Tharla eachtraí uafáis i rith na mblianta sin nach mór cúram faoi leith agus iad á meas, le bunús maith fianaise ó fhoinsí cartlainne atá fírinneach dáiríre. Ní ceiliúradh gach comóradh agus ní aontú lenar tharla atá i gceist le huilechuimsitheacht.

Tá de chúram orainn ar fad leanúint de chíoradh na staire go tuisceanach, go fiosrach, agus go báúil; le haird agus meas ar mhiondifríochtaí agus ar chastachtaí ilghnéitheacha. Is furasta dul chun cinn a chur ó rath, d'fhéadfadh caint mhór gangaid, searbhas agus dochar a chothú a chuirfeadh meon soicheallach an chomhair le blianta beaga anuas ar neamhní. Ba mhór an trua - agus an náire - dá réabfaí an meon oscailte comhghéilliúnach ba bhun leis an rath ar an gcomóradh go dtí seo nó go ndéanfaí a laghad ar bhealach ar bith. Tá de chúram ar an uile dhuine againn a chinntiú nach ligtear dá leithéid sin tarlú.

Ní mór dúinn féachaint i gcónaí, i mbun gach ní dá ndéanaimid, le cuimhneachán measúil, measartha, neamhchlaonta a chothú trína gcothaítear síocháin agus muintearas ar fud oileán na hÉireann.

An Dr Maurice Manning

Cathaoirleach Ghrúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid

Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2021

Beidh tús á chur ag an Stát, i rith na bliana 2021, le comóradh an chéid ar eachtraí agus ar imeachtaí suntasacha, anuas go dtí gur síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig agus gur tosaíodh ag teannadh le ré Chogadh na gCarad.

Is é is dócha go mbeidh seo ar an ré is deacra go dtí seo maidir le Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid. Cuirfidh an Rialtas chuig an gcomóradh ar an tréimhse seo trí mheon tomhaiste, measartha, uilechuimsitheach a léiriú lena spreagtar an pobal chun dul i ngleic le stair an tréimhse trí thionscnaimh spreagúla spéisiúla. Cuideoidh sin le tuiscint níos géire a chothú ar chomhthéacs na linne agus glacadh le tuairimí éagsúla faoi réimse iomlán na staire agus féachfar le treisiú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas ar fud oileán na hÉireann.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán atá freagrach as comhordú ar chlár cuí uile-rialtais a thabhairt chun cinn chun comóradh a dhéanamh ar eachtraí staire agus ar théamaí suntasacha a bhaineann le Deich mBliana Chomóradh an Chéid. Tá an cur chuige bunaithe ar phrionsabail a leag Grúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid amach sa Ráiteas Tosaigh (arna fhoilsiú sa bhliain 2012), sa Dara Ráiteas (arna fhoilsiú sa bhliain 2017) agus sa treoir ó shin (arna foilsiú i mí Eanáir 2019).

Is é 2021 tús chlár trí bliana deiridh de Dheich mbliana na gCéad bliain. Meastar go gceadóidh sé seo cur chuige níos iomlánaíoch i leith an chuid eile den Deich mBliana agus go gcuideoidh sé le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara cláir agus tionscnaimh nua a fhorbairt sna trí bliana amach romhainn.

Roinnfidh eilimintí an Chláir tacar comónta téamaí agus smaointe leathana ar féidir iad a nuáil gach bliain chun go bhféadfar cuimhne a thabhairt ar chomóradh céad bliain ar bhealaí éagsúla. Tugtar breac-chuntas ar na téamaí seo ar leathanach 7.

Déanann an tAire cathaoirleacht freisin ar an nGrúpa Comhairle Uile-Pháirtí maidir le Comóradh ag a bpléitear pleananna an Rialtais i leith an Chláir.

Tagann an Clár 2021 de thoradh ar obair i gcomhar ar fud an Rialtais ar fad, leis na Forais Náisiúnta Cultúir, le Forais léinn, údaráis áitiúla, páirtnéirí ealaíne agus cultúir agus le geallsealbhóirí príomhthábhachta eile. Is tuairisc atá ann ar an gcás ag aon am amháin agus beidh forbairt ag teacht i rith na bliana de réir mar a thagann smaointe nua agus páirtnéireachtaí nua chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí atá le Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2021-2023. Leanfaidh cuid mhór de na bearta nua páirtnéireachta agus de na tionscnaimh nua isteach sa Chlár maidir le Cogadh na gCarad agus leis an gcuid eile de Dheich mBliana Chomóradh an Chéid.

> “Is é is dócha go mbeidh seo ar an ré is deacra go dtí seo maidir le Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid. Cuirfidh an Rialtas chuig an gcomóradh ar an tréimhse seo trí mheon tomhaiste, measartha, uilechuimsitheach a léiriú lena spreagtar an pobal chun dul i ngleic le stair an tréimhse trí thionscnaimh spreagúla spéisiúla.”

Tionchar COVID-19

Tá curtha isteach go mór ag cás éigeandála náisiúnta an COVID-19 ar ghnáthmhodhanna oibre Chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid mar gheall ar imeachtaí comórtha poiblí a chur ar ceal nó ar athló agus cur isteach dá réir ar bhearta caidrimh. Bhí deacrachtaí faoi leith ag baint leis sin i rith na bliana 2020 agus ba ghá pleananna suntasacha faoi Chlár Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí a chur ar ceal agus/nó ar athló, comóradh Stáit san áireamh.

Is dócha go mbeidh deacracht arís i rith na bliana 2021 maidir le hócáidí comórtha a eagrú go sábháilte agus na coinníollacha is gá a chur i bhfeidhm. De réir mar a thagann athrú ar threoracha agus ar bhearta sláinte poiblí chun srian a chur le scaipeadh COVID-19, leanfaidh an Roinn Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán den obair leis na páirtnéirí agus leis na geallsealbhóirí chun a oiread is féidir ócáidí atá beartaithe a chur ar siúl, agus an chaoi inar féidir sin a dhéanamh, a dheimhniú. Beidh na pleananna maidir le bearta comórtha i rith na bliana 2021 bunaithe i ngach cás ar an gcomhairle sláinte poiblí agus ar na bearta cosanta sláinte.

Iarrfar a gheallsealbhóirí bearta a thionscnamh lena dtapaítear modhanna eile caidrimh i ndáil le spreagadh an tsaoránaigh, mar shampla ábhar digiteach, taispeántais ar líne, seimineáir gréasáin, cuairteanna fíorúla, bearta lucht ealaíne agus cruthaitheachta agus bearta eile caidrimh ar líne le daoine den uile aoisghrúpa.

Cuspóirí an Chláir

Tá cuspóirí Chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid gan athrú ón tús i gcás an uile dhuine a ghlacann páirt sa phróiseas comórtha. Tá beartaithe na cuspóirí a choinneáil i bhfeidhm an chuid eile de na Deich mBliana, mar seo a leanas:

- **díriú ar théamaí an athmhuintearais agus cuimhneamh ar na daoine go léir a maraíodh i rith na tréimhse seo;**
- **tuiscint níos doimhne ar na himeachtaí suntasacha stairiúla a tharla i rith na tréimhse seo a chur chun cinn agus a aithint gur chruthaigh eispéireas comhroinnte stairiúla na mblianta sin scéalta agus cuimhní an-éagsúil;**
- **machnamh a spreagadh ar na féiniúlachtaí, traidisiúin agus tuiscintí iomadúla atá mar chuid d'eispéireas stairiúil na hÉireann;**
- **freagra íogair a thabhairt ar an gcomhthéacs staire áitiúla, ag tuiscint nach bhfuil aon eispéireas amháin ann laistigh de chontaetha nó ar fud oileán na hÉireann.**
- **leanúint ar chur chuige comhairleach agus oscailte a chur chun cinn maidir le comóradh, a láidríonn an tsíocháin agus an t-athmhuintearas ar fud oileán na hÉireann. Is gné lárnach den athmhuintearas ná an chiall a bhaineann le gach traidisiún ar an oileán a aithint agus a thuiscint go mbaineann an fhéiniúlacht agus an chomhchuimhne atá ag traidisiúin éagsúla leis an tuiscint atá acu ar ár stair chomhroinnte.**



Téamaí an Chláir

Tá na téamaí ginearálta seo a leanas bunaithe ar an Treoir ó Ghrúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid mar a foilsíodh i mí Eanáir 2019. Tá de chuspóir leo go mbeidís ina gcabhair ag páirtnéirí agus ag geallsealbhóirí maidir lena gcuid tionscnamh agus tionscadal a thabhairt chun cinn agus go spreagfaí leanúnachas ó thaobh cur chuige maidir le cláir a fhorbairt an tráth céanna a gceadófaí solúbthacht, ceannas an phobail agus léiriú cruthaitheachta. Tá á bheartú anois go gcuirfear tús sa bhliain 2021 leis an gclár trí bliana deireanach de Dheich mBliana Chomóradh an Chéid. Beidh téamaí agus smaointe ginearálta ag rith leis an gClár sin ar fad ach caomhchóiriú á dhéanamh ó bhliain go bliain ionas gur féidir bearta cuimhneacháin faoi leith a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Is iad na téamaí:

1

Machnamh – Comóradh agus machnamh pobail; cuimhne ar oidhreachtaí, ar phearsantachtaí, ar áiteanna, ar imeachtaí agus ar théamaí áitiúla a bhfuil tábhacht ar leith leo laistigh de chontaetha, de pharóistí agus de phobail.

2

Cuimhneachán – Cuimhne mheasúil, íogair agus neamhpháirtíneach ar na daoine a d'fhulaing agus na daoine a maraíodh le linn na tréimhse idir 1921 agus 1923.

3

Críochdheighilt na hÉireann – Iniúchadh a dhéanamh ar thionchar agus ar oidhreacht na n-imeachtaí a tharla i rith na tréimhse ar na pobail a bhí ina gcónaí ar an teorainn nua-bhunaithe agus níos faide amach.

4

Éire agus an Domhan Mór – Iniúchadh ar an ngné idirnáisiúnta, lena n-áirítear naisc áitiúla, imirce agus ról diaspóra na hÉireann sna himeachtaí a tharla le linn tréimhse na réabhlóide. Ina theannta sin, iniúchadh a dhéanamh ar fhorais uile-oileáin tar éis na críochdheighilte

5

Taithí na mBan - Iniúchadh a dhéanamh ar thaithí na mban le linn na tréimhse seo agus ar an bpáirt a ghlac siad leis na himeachtaí a tharla, á ról athraitheach sa tsochaí san áireamh.

6

Ord Nua a Bhunú –

- iniúchadh a dhéanamh ar thábhacht athchóiriú rialtais áitiúil agus ar fhorbairt struchtúir nua polaitiúla agus riaracháin ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil;
- bunú fhorais éagsúla Saorstát Éireann (an Státseirbhís, Óglaigh na hÉireann, an Garda Síochána, na breithiúna, agus seirbhísí cúirte san áireamh);
- forbairt ar infreastruchtúr nua (córas iompar poiblí, cumarsáid, seirbhísí poist); agus
- leanúint den traidisiún parlaiminte - Toghcháin i rith na tréimhse seo - na pearsaí iomráiteacha agus ceisteanna áitiúla a bhaineann le toghcháin áitiúla 1920 agus olltoghcháin 1922 agus 1923.

7

Sochaí a raibh athrú ag teacht uirthi le linn na tréimhse seo, i measc na n-athruithe sin:

- gluaiseacht an lucht oibre agus easumhlaíocht shibhialta
- gluaiseachtaí sóisialta, cultúrtha agus cathartha a raibh ráchairt orthu
- aicme shóisialta agus inscne
- an Ghaeilge
- Ceist na Talún
- tábhacht an spóirt i measc na bpobal le linn na tréimhse seo
- an freagra daonnúil ar an troid ar son an neamhspleáchais agus ar an gCogadh Cathartha
- nuálaíocht i réimse na talmhaíochta, in earnáil na tionsclaíochta, san eolaíocht, sa ghnó agus sa leigheas

8

Smaointeoireacht chruthaitheach sna healaíona - filíocht, litríocht, ceol, drámaíocht agus na foirmeacha ealaíne eile, 1921 – 1923.

Sráitheanna an Chláir

D'fhonn cuspóirí an chláir a bhaint amach agus creatchóras a chur ar fáil do chur chuige bunaithe ar théamaí, tá ceithre cinn de shraitheanna téamatúla i gceist leis an obair chun Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid do 2021–2023 a leagan amach agus a thabhairt i gcrích:

SRAITH NA SEARMANAS STÁIT

Sraith na Searmanas Stáit lena mbaineann líon beag de bhearta siombaileacha comórtha náisiúnta ag díriú ar théamaí cuimhneacháin agus athmhuintearais agus ar chomóradh ar an uile dhuine a fuair bás i rith na ndeich mbliana a bhfuil.

SRAITH NA STAIRE

Sraith na Staire lena mbaineann réimse leathan beartaíochta atá dírithe ar fhiosrúchán dáiríre a chothú agus úsáid as bunfhoinsí cartlannaíochta a spreagadh. Beidh tionscnaimh á dtabhairt chun cinn i gcomhar le páirtnéirí Stáit, leis na Forais Náisiúnta Cultúir, le forais léinn agus le geallsealbhóirí eile.

SRAITH AN PHOBAIL

Sraith an Phobail, lena mbainfidh cur chuige an chomhair – ar aon dul leis an gcur chuige maidir le comóradh céad bliain 1916 - idir an Stát, na húdaráis áitiúla agus eagraíochtaí pobail, le Tuaisceart Éireann san áireamh de réir mar is cuí.

SRAITH NA CRUTHAITHEACHTA

Sraith na Cruthaitheachta trína leanfar de chur in iúl na healaíne agus na cruthaitheachta a chothú i gcuimhne ar eachtraí suntasacha i rith na mblianta idir 1921 agus 1923 agus ar na daoine ar fad a fuair bás lena linn.

1 Sraith na Searmanas Stáit

Molann Grúpa Comhairle na Saineolaithe go n-eagrófaí comóradh foirmeálta, maidir le gach uile dhuine a fuair bás i rith Ghluaiseacht na Saoirse, ar an 11 Iúil 2021, nó ar dháta oiriúnach gar do chothrom céad bliain ó tháinig an Sos Cogaidh i bhfeidhm. Tá á bheartú an comóradh náisiúnta seo a dhíriú ar théamaí an chuimhneacháin agus an athmhuintearais. Roinn an Taoisigh a bheidh i mbun ceannródaíochta maidir leis an ócáid seo le cúnamh taca de réir mar a oireann ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Beidh imeachtaí suntasacha eile á gceiliúradh faoi cheannródaíocht na n-údarás áitiúil le cúnamh taca ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

2 Sraith na Staire

Tá cur chuige an Stáit go dtí seo maidir leis an gcuimhneachán ar an ré a thagann faoi scáth Deich mBliana Chomóradh an Chéid bunaithe ar mheon an ionracais, na cuimsitheachta agus na páirtnéireachta. Cuideoidh an Roinn le cláir a leagan amach agus a eagrú a mbaineann samhlaíocht agus eolas leo, a chothaíonn spéis an phobail ar bhealaí nua agus atá ina ábhar spreagtha agus treorach ag an saoránach maidir leis an toradh a bhí ar an ré cinniúnach seo i stair na tíre a mheas agus a thuiscint.

Leanfar ag cuidiú le tionscnaimh lena spreagtar taighde leanúnach agus saortheacht ag an bpobal ar fhoinsí barántúla staire, lena n-áirítear foinsí cartlannaíochta, toradh taighde agus saothar scoláireachta áitiúil.

Mná 100

Tá sraith faoi leith á seoladh ag an Roinn i mí mBealtaine 2021 chun béim a leagan ar ról na mban i rith na mblianta 1921-1923. Ta tionscnaimh éagsúla i gcomhar ag baint leis an togra seo trína ndírítear aird ar pháirt na mban i ngnóthaí polaitíochta, míleata, gairmiúla agus tís i rith an tréimhse sin. Beidh béim i lón ábhair an togra ar scéalta agus ar fhaisnéis nach mbíodh ar fáil go furasta ag an bpobal go dtí seo ná ar eolas ag daoine go coitianta agus é á chur i láthair i gcláir podchraoltóireachta, i seimineáir idirlín agus i dtaispeántais ar líne.

Leagfar an tionscadal amach de réir théamaí éagsúla, iad seo a leanas ina measc:

- Ról na mban ag cur ar son na hÉireann go hidirnáisiúnta
- Ról eagraíochtaí na mban i bhfeachtas Ghluaiseacht na Saoirse agus i rith Chogadh na gCarad
- Ról na mban san Oireachtas
- Foréigean a imríodh ar mhná
- Leathnú ar líon na vótóirí – vótáil chomhchoiteann
- Mná gairme i mbun ceannródaíochta
- Saol na mban an dá thaobh den teorainn tar éis Dheighilt an oileáin

Beidh an t-ábhar seo á chruthú agus á léiriú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a oibreoidh i gcomhar leis na Forais Náisiúnta Cultúir, leis na húdaráis áitiúla agus le dreamanna páirtnéireachta eile.



Mná100

www.mna100.ie

Beidh an t-ardán ar leith sin á sheoladh ar líne i rith mhí Bealtaine 2021 chun aird a dhíriú ar ról na mban i rith ócáidí tábhachtacha a mbeidh comóradh céad bliain á dhéanamh orthu an chuid eile de na Deich mBliana.

Ar cheann de na torthaí is iontaí ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid, tá meas agus tuiscint níos fearr ar an ról tábhachtach a d'imir mná i múnlú stair na hÉireann i rith ré na réabhlóidíochta.

Tá obair nua taighde agus léinn déanta ag staraithe a bhfuil iomrá le fada orthu agus ag staraithe nach bhfuil ach i dtús a ré gairme trínar léiríodh gnéithe nua maidir le heachtraí cinniúnacha a thit amach in Éirinn idir na blianta 1912 agus 1923. Tá athmhíniú dá bharr sin, agus tuiscint níos fearr ag an bpobal, ar a ndearna mná a raibh eolas roimhe seo orthu agus mná eile nach raibh aird chomh mór sin orthu. Tá ábhar míniúcháin agus réimsí nua tuisceana le baint as bunfhoinsí nua as Bailiúchán Pinsean Míleata na Cartlainne Míleata ionas gur léir castacht de chineálacha breise i scéal bhlianta na réabhlóidíochta. Tá athrú ag teacht ar thuiscint chanónda na staire.

Mar gheall ar obair digitiúcháin atá déanta ag na Forais Náisiúnta Cultúir ar fhoinsí éagsúla is féidir ábhar a roghnú lena dtugtar léargas níos fearr agus cothromaíocht nádúrtha i gceist ó thaobh inscne. Ligeann obair chomhordaitheoirí na n-údarás áitiúil maidir le Deich mBliana Chomóradh an Chéid béim a leagan ar imeachtaí comórtha pobail agus cur go mór leis na hócáidí céanna. Ní scéal feasta é a eascraíonn ón bpríomhchathair agus ó na bailte is mó le réimse cúng daoine le háireamh ar na dramatis personae; tá léargas níos iomláine agus níos éagsúla, níos cuimsithí, ar Éirinn i rith na mblianta 1912-1923 faoin tráth seo.

Tá sraith nua ar líne maidir le stair na mban á thabhairt chun cinn i rith chéim deiridh thogra Dheich mBliana Chomóradh an Chéid – www.mna100.ie.

Beidh an t-ardán ar leith sin á sheoladh ar líne i rith mhí Bealtaine 2021 chun aird a dhíriú ar ról na mban i rith ócáidí tábhachtacha a mbeidh comóradh céad bliain á dhéanamh orthu an chuid eile de na Deich mBliana. Foilseofar scéalta nua faoi mhná a bhí gníomhach in Éirinn, chomh maith le mná thar lear a chuidigh le feachtas na saoirse i rith bhlianta cinniúnacha sin an athraithe. Beidh cuntas ar an láithreán gréasáin faoin gcaoi a ndeachaigh imeachtaí na mblianta sin i bhfeidhm ar shaol mhná na linne agus ar shaol na mban a tháinig ina ndiaidh.

Áirítear ar réimse leathan na nithe a ndéanfar comóradh céad bliain orthu an ceart iomlán vótála agus ceiliúradh ar na dlíodóirí a bhí ar na habhcóidí mná ba thúisce a glaodh chun an bharra in Éirinn i mí na Samhna 1921.

Ar cheann de na heachtraí suntasacha a mbeidh aird faoi leith á dhíriú air i mbliana, beidh ar thit amach maidir le Cumann na Croise Gile a bhunú in Éirinn i dtús na bliana 1921. Bhí scrios agus damáiste tarlaithe do na mílte teach, siopa, feirm, uachtarlann agus monarcha, an-dochar déanta do chúrsaí eacnamaíochta i gceantair éagsúla agus na céadta teaghlach dealbh dearóil dá réir. Bhí líon mór daoine a maraíodh; líon mór a gabhadh ina sluaite agus a coinníodh i bpríosún nó i gcampa géibheann. Bhí cur isteach mór ar dhaoine nach raibh aon bhaint acu leis an trodaíocht. Cuireadh an American Commission on Conditions in Ireland ar bun sna Stáit Aontaithe chun scrúdú a dhéanamh ar ar tharla in Éirinn i rith na bliana 1920, bliain ar tugadh bliain an uafáis uirthi, de réir mar a bhí daoine nua á n-earcú sna póilíní agus arm na n-óglach i mbun feachtas treallchogaíochta. Tar éis fianaise a éisteacht agus tuairiscí a eisiúint, thug an American Committee for Relief in Ireland faoi fheachtas bailiúcháin trínar cruinníodh ciste cúnaimh $5 milliún agus ba é Cumann na Croise Gile a bhí i mbun an t-airgead sin a dháileadh in Éirinn.

Díreofar aird freisin faoi shraith na mban, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae Luimnigh ar an tábhacht a ghabh le pearsaí poiblí a dhéanamh de Mary Clancy agus de Kate O'Callaghan ina gcruachás truamhéileach. Mharaigh Fórsaí an Rí an Méara George Clancy agus an t-iar-Mhéara Michael O'Callaghan i gcathair Luimnigh i mí Márta 1921 in eachtra ar a dtugtar Feallmharú an Chuirfiú. Bhí aird faoi leith an tráth sin ar oifigigh tofa mar gheall ar an rialtas sealadach, le córas riaracháin náisiúnta agus áitiúil, a bhí curtha ar bun ag Dáil Éireann. Chuir na baintreacha a gcás féin in iúl agus chothaigh siad bá le cúis na saoirse i measc phobal na tíre seo i gcoitinne agus ar na meáin chumarsáide go hidirnáisiúnta. Toghadh Kate O'Callaghan chun an dara Dáil Éireann.

Sa bhliain 1921, tháinig sos cogaíochta i rith an tsamhraidh. Ligeadh príosúnaithe saor ón ngéibheann, cé gur éalaigh Linda Kearns, Eithne Coyle agus May Burke as príosún Mhuinseo sular ligeadh an chuid eile dá gcuid comrádaithe amach.

I rith an fhómhair, cuireadh tús leis na cainteanna faoin gconradh i Londain. Beidh scrúdú á dhéanamh i sraith nua na mban ar scéalta na ndaoine a raibh páirt acu sa chúram, ina measc, Kathleen McKenna, a d'fhág tuairisc ar ar thit amach ina cuimhní cinn, *A Dáil Girl's Revolutionary Recollections*.

Nuair a síníodh airteagail an chomhaontaithe maidir le Conradh idir an Bhreatain agus Éirinn i Londain i mí na Nollag 1921, bhí an cúigear teachtaí mná i nDáil Éireann ar na daoine ba ghéire a labhair amach in aghaidh an chonartha agus an tír ag teannadh le Cogadh na gCarad.

An Dr Sinéad McCoole
Comhairleoir Staire do Mná100

Nascanna le heolas maidir leis an gcuairt fhíorúil ar iarsmalann thobléirithe maidir le ***100 bliain na mban i gcúrsaí polaitíochta agus sa saol poiblí;***

- Tog an Turas
- Alt Mainly Museums
- **Taifeadadh na léachta ag am lóin,**
- **arna óstáil ag an Dr Sinéad McCoole, ar 22 Meán Fómhair 2020, dar teideal 'An Bhliain 1920 - Trailblazers na hÉireann, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**
- **Taifeadadh na léachta ag am lóin, arna óstáil ag an Dr Sinéad McCoole, ar 15 Nollaig 2020, chun an comóradh céad bliain ar imeachtaí sna Stáit Aontaithe Stáit i 1920 le linn Éire feachtas ar son neamhspleáchaisc**

Beyond 2022:
Státchiste Taifead Fíorúil na hÉireann


the Barony bounds on Brocka, metalling 4 cwt. at 5d per, sec. 20. 35 19 7
8 To Richard Dolan, to repair 272 perches of the road from Rathdrum to Dublin, between D. Lawler's gap and the 4 roads near the Police barrack, on Lough, metalling 30 cwt. at 2s 10d per, sec. 30, ⅔ths to be advanced per County Surveyor's Certificate. 33 19 8
9 To John Turner, to build a wooden bridge on the road from Wicklow to Blessinton, between the Whitesand brook and Sallygap cross roads, sec. 56, ⅔ths to be advanced &c. 50 0 0
DESERTED CHILDREN.
10 To the Rev. Mr. Guinness, for one year's support of a child, deserted in the parish of Rathdrum, named Mary Morris, aged 5 years, and nursed by Judith Long, ending at summer assizes 1844, sec. 109, and 7 Wm. iv, cap. 2, sec. 7. 4 0 0
£166 18 9

Gairid sular tharla tine uafásach na bliana 1922, luadh gurbh í Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann an gort ba mhó ab fhiú a threabhadh maidir le stair na hÉireann. Bhí sí inchurtha leis na cartlanna ba shuntasaí ar domhan maidir le scála, scóip agus tábhacht. Bhí na glúnta staraithe ón mbliain 1922 anuas nárbh féidir leo taighde a dhéanamh sa ghort sin. Anois, leis an togra Beyond 2022, tá toradh ar an gcomhar idir níos mó ná 50 eagras páirtnéireachta ar fud na hÉireann agus thar lear. Tá athchruthú á dhéanamh ar an am a caitheamh agus súil againn ar an am atá le theacht. Tiocfaidh de thoradh ar an gcomhoibriú seo go mbeidh deis arís ar eolas faoi stair na hÉireann ag glún nua agus go leanfaidh an toradh fiúntach sin go buan tar éis Dheich mBliana Chomóradh an Chéid.

Is togra taighde uile-oileáin a mbaineann comhar idirnáisiúnta leis atá in Beyond 2022 trína bhféachtar le hathchruthú fíorúil a thabhairt ar Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann a scriosadh an lá ar cuireadh tús le Cogadh na gCarad ar an 30 Meitheamh 1922.

Ar an 5 Nollaig 2019, d'fhógair an Taoiseach deontas caipitil €2.5 milliún ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, faoi Thionscadal Éireann 2040, mar chúnamh don togra taighde go dtí deireadh na bliana 2022.

Bhí seacht gcéad bliain de thuairiscí, ó aimsir na Normannach anall, sa Taisce Taifead in Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann. I gcomhar le 5 Príomhpháirtnéir Cartlannaíochta agus líon is mó ná 40 foras eile in Éirinn, sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe atá páirteach sa togra, táthar ag saothrú chun an t-easnamh mar gheall ar an tine céad bliain ó shin a chúiteamh.

Cothrom céad bliain ó loisceadh na Ceithre Cúirteanna, beidh Taisce Taifead Fhíorúil na hÉireann á sheoladh ar an idirlíon. Beidh na milliúin focal as cáipéisí a scriosadh á gceangal le chéile agus á gcur i dtoll a chéile arís as cóipeanna, as ábhar trascríofa agus as taifid eile atá ar coimeád ar fud bhailiúcháin éagsúla na bpáirtnéirí cartlannaíochta. Beidh stór saibhir na míreanna athsholáthair seo á tharraingt le chéile againn i samhail réaltachta fíorúla 3D d'fhoirgneamh Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann, arna athchruthú go digiteach.

Acmhainn oscailte ar líne a bheidh i dTaisce Taifead Fhíorúil na hÉireann agus saorchead ag daoine in Éirinn agus thar lear ar spéis leo stair na hÉireann an acmhainn a thapú. Tá cuid mhór de na forais taisce is tábhachtaí ar fud an domhain ag obair in éineacht linn ar mhaithe le bunábhar stair na hÉireann a raibh easnamh i gceist leis a athchruthú. Beidh Taisce Taifead Fhíorúil na hÉireann ina thoradh fiúntach go fada leanúnach ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid.

Beidh ceiliúradh á dhéanamh againn i rith na bliana 2021 ar an obair i gcomhar agus toradh na hoibre á chur i láthair dhaoine ar fud oileán na hÉireann agus thar lear.

Is breá linn a bheith ag obair i mí Bealtaine 2021 in éineacht le Grúpa Bhainisteoirí Taifead agus Cartlannaíochta an Rialtais Áitiúil chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain eachtra a tharla níos luaithe ná sin, an t-ionsaí ar Theach an Chustaim ar an 25 Bealtaine 1921 eachtra ar tharla ábhar cartlainne Bhord an Rialtais Áitiúil in Éirinn dá thoradh. Sular cuireadh na comhairlí contae ar bun, ba é an tArd-Ghiúiré ba mhó i gceist i gcóras an rialtais áitiúil. Tá sonraí miona faoi dhaoine agus faoi áiteanna i dtaifid na nArdghiúiréanna sin atá i dtaisce i gcartlanna contae ar fud na hÉireann agus in Oifig Thaifid Phoiblí Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste.

Ina dhiaidh sin, mar chomóradh ar chothrom 99 bliain ó tharla loisceadh na gCeithre Cúirteanna ar an 30 Meitheamh, eagrófar 'Deep History, Deepening Connections' a bheidh á chur i láthair as Londain i gcomhar le National Archives na Ríochta Aontaithe. Beidh scrúdú á dhéanamh ar an ócáid sin ar an gceangal dlúth idir an dá oileán leis na céadta bliain, scéal á chur i láthair nach le concas agus coilíneacht amháin a bhaineann sé ach le ceangal tráchtála, cultúir, teaghlaigh agus féiniúlachta chomh maith. Is léiriú an ócáid ar an dlúthcheangal cartlannaíochta atá á chothú sa Bhreatain le Beyond 2022, rud a chuireann ar ár gcumas blúiríní scaipthe maidir le stair na hÉireann a nascadh le chéile agus taighde níos doimhne a dhéanamh i stór taisce na staire ná mar a bhíothas in acmhainn a dhéanamh go dtí seo.

An Dr Peter Crooks
Stiúrthóir Tionscadail

Stairiúil

Na Forais Chultúrtha Náisiúnta

Leanfaidh an Roinn den obair i gcomhar leis na Forais Náisiúnta Cultúir i bhfianaise an ról tábhachtach atá leo maidir le stair agus cultúr na tíre a chaomhnú; agus cruthófar deiseanna do dhaoine de gach traidisiún machnamh a dhéanamh ar na gnéithe casta a bhaineann le heachtraí na linne seo agus na téamaí atá ceangailte leo.

AN CHARTLANN NÁISIÚNTA

Tionscadail Digitiúcháin

Digitiúchán a thugtar ar an bpróiseas maidir le hábhar faisnéise a aistriú ó fhormáid cruachóipe go formáid dhigiteach agus is é a bhaineann leis sin maidir leis an gCartlann Náisiúnta íomhánna ardtaifigh a chruthú den bhunábhar cruachóipe. Tá teacht ag an bpobal ar na comhaid anseo

Miontuairiscí Comh-Aireachta Aibreán 1919-Aibreán 1922

Tar éis Olltoghchán na Nollaig 1918, an chéad dá sheisiún de Dáil Éireann nó na 'Céad Dáil' a bhí ar siúl i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath ar 21 - 22 Eanáir 1919. An tríú ceann níor tionóladh seisiún go dtí 1 Aibreán 1919 nuair a toghadh Eamon de Valera Uachtarán Dáil Éireann (sonraí- Aire).

An lá dar gcionn cheap sé a chomh-aireachta de rialtas nua Shinn Féin: Arthur Griffith, Rúnaí Gnóthaí Baile agus Leas-Uachtarán; Michael Collins, Rúnaí Airgeadais; Cathal Brugha, Rúnaí Cosanta; William T Cosgrave, Rúnaí Áitiúil Rialtas; George Nobel Plunkett, Rúnaí Gnóthaí Eachtracha; Constance de Markievicz, Rúnaí Saothair; agus Eoin MacNéill, Rúnaí Tionscail. Robert Barton rinneadh ceann de Roinn na Talmhaíocht agus Laurence Ginnel, ceann de chuid na Roinne Propaganda.

Taifeadtar cruinnithe na comh aireachta i leabhair mhiontuairiscí ón 26 Aibreán 1919 go 28 Aibreán 1922.

Coiste an Bhunreachta 1922

Cheap an Rialtas Sealadach Coiste an Bhunreachta i mí Eanáir 1922 chun an chéad Bhunreacht a bheadh ag Saorstát Éireann a dhréachtú. Micheál Ó Coileáin a bhí ina chathaoirleach ar an gCoiste ar dtús. Ar an ábhar cartlainne atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta, tá miontuairiscí, dréachta, ábhar taighde agus ábhar riaracháin a tiomsaíodh mar gheall ar obair an Choiste i rith tréimhse 6 seachtaine.

Leanfaidh an Chartlann Náisiúnta den obair i gcomhar le meitheal Beyond 2022 agus le forais cartlannaíochta eile in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe maidir le hathchruthú digiteach ar thaisce na dtaifead in Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann, cóipeanna digiteacha san áireamh d'ábhar cartlainne a scriosadh i rith Chogadh na gCarad sa bhliain 1922.



AN CHARTLANN NÁISIÚNTA

2021 don Chartlann Náisiúnta

Tá deis faoi leith i mbliana comóradh a dhéanamh ar ar thit amach ag teannadh leis an am ar síníodh an Conradh Angla-Éireannach i mí na Nollag agus ar ar lean ina dhiaidh sin agus comhthéacs staire a chur ar fáil le hábhar as bailiúchán na Cartlainne Náisiúnta a bhaineann leis an tréimhse ón Sos Cogaidh i mí Iúil 1921 go dtí gur síníodh an Conradh i mí na Nollag.

Is dócha go bhfuil an Conradh Angla-Éireannach le háireamh ar an gcáipéis staire is suntasaí atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta. Tá i gceist, dá réir sin, taispeántas speisialta a léiriú chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 2021 le réamhthaispeántas á eagrú i Londain i gcomhar le hAmbasáid na hÉireann ansin, ag teacht leis an tréimhse a chaith toscaireacht na gcainteanna i mbun idirbheartaíochta i Londain sular aontaíodh an Conradh i ndeireadh báire ar an 6 Nollaig 1921.

Tá cuid mhór cáipéisí agus doiciméid a bhaineann le gnóthaí na gcainteanna maidir leis an gConradh i dtaisce i mbailiúchán na Cartlainne Náisiúnta maidir leis an gConradh, mar atá an Conradh féin agus ábhar maidir leis an am a chaith na toscairí i Londain i rith na seachtainí go dtí gur aontaíodh ar an gConradh mar a síníodh. Tá beartaithe béim a leagan ar an ábhar sin chomh maith le hábhar ó fhorais eile, déantúsáin agus íomhánna san áireamh a chuidíonn le hiomlán an scéil maidir le cúrsaí na linne a chur i láthair.

Leis an gConradh i gceartlár an Taispeántais, beidh ábhar eile atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta á chur ar taispeáint chomh maith, an t-ábhar seo a leanas san áireamh:

- Comhfhreagras maidir leis na cainteanna síochána Meitheamh 1921 – Meán Fómhair 1921
- An Conradh Angla-Éireannach 1921
- Díospóireachtaí i nDáil Éireann roimh shíniú an Chonartha agus ina dhiaidh sin
- Miontuairiscí 'lámhscríofa' chruinnithe Comh-aireachta
- Cuntais a bhaineann go háirithe leis an tréimhse a chaith an Toscaireacht i Londain le tuairiscí spéisiúla ar shaol na dtoscairí nuair a bhí siad ina gcónaí i 15 Cadogan Gardens agus i 22 Hans Place.

Eagrófar an Taispeántas sa chaoi is go dtéitear i gcion ar réimse leathan fairsing de dhreamanna éagsúla, idir staraithe agus an lucht léinn, daoine a bhaineann le saol na polaitíochta in Éirinn agus an gnáthshaoránach chomh maith le hoibriú le scoileanna agus ollscoileanna. Is é seo an chéad uair a mbeidh taispeántas á eagrú dírithe ar an gConradh Angla-Éireannach 1921 agus ar an tréimhse ó fógraíodh an sos cogaidh i mí Iúil 1921 go dtí gur síníodh an Conradh i mí na Nollag. Beidh ceardlanna, cainteanna agus clár digiteach á n-eagrú ag dul leis an taispeántas chomh maith le cuairteanna treoraithe ionas gur féidir caidreamh a chothú le hoiread daoine agus is féidir, ar an láthair agus trí chainéil dhigiteacha éagsúla.

Orlaith McBride
Stiúrthóir

Taispeántas gConradh Angla-Éireannach 1921

Beidh taispeántas tábhachtach á eagrú ag an gCartlann Náisiúnta mar chomóradh ar chéad bliain ó síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 1921. Leis an gConradh ina cheartlár, beidh ábhar eile atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta á chur ar taispeáint chomh maith.

> "Is dócha go bhfuil an Conradh Angla-Éireannach le háireamh ar an gcáipéis staire is suntasaí atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta"

Drannadh le Poblacht

I ndáil leis an dara cuid de Dheich mBliana Chomóradh an Chéid maidir leis an tréimhse 1918 – 1923, tá cáipéisí pearsanta phearsaí móra na linne á gcur ar fáil níos furasta ag an Leabharlann Náisiúnta leis an togra mór catalógála agus digitiúcháin dar teideal 'Drannadh le Poblacht'. Déantar de réir a chéile, tar éis catalógú agus digitiúchán a thabhairt orthu, na cáipéisí a chur ar fáil go forleathan ar an idirlíon i rith na mblianta 2019 – 2023 i dtaisce dhigiteach na Leabharlainne.

I rith na bliana 2021, tá súil ag an Leabharlann Náisiúnta ócáid mhór phoiblí a eagrú mar cheiliúradh ar an gcéad chéim de Dhrannadh le Poblacht a chur i gcrích. An tráth céanna leis an ócáid phoiblí sin, beidh acmhainn nó ríomhfhoghlama á sheoladh bunaithe ar an togra Drannadh le Poblacht ar mhaithe le deiseanna digiteacha nua foghlama a chur ar fáil do na bunscoileanna agus do na meánscoileanna.

Tá acmhainní eile oideachais á gcur le chéile ag an Leabharlann Náisiúnta atá ceangailte leis an togra Drannadh le Poblacht a bheidh ar fáil ar an idirlíon agus beidh cuairteanna, ceardlanna agus bearta foghlama eile ar líne do dhaoine de gach aoisghrúpa i gceist leis an gclár caidrimh le scoileanna atá le cur i bhfeidhm ina leith. Beidh scóip náisiúnta leis an gclár seo ionas go gcuirtear na bailiúcháin náisiúnta i láthair ar fud na tíre ar fad agus go gcruthaítear ceangal go háitiúil le hócáidí comórtha agus le tionscnaimh foghlama.

From Turmoil to Truce: Photographs of the War of Independence

Beidh athoscailt á dhéanamh ag Cartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta LNÉ i rith na bliana 2021 ar an taispeántas *'From Turmoil to Truce: Photographs of the War of Independence'* tar éis obair mhór deisiúcháin ar an ardaitheoir a thabhairt chun críche agus bearta sábháilteachta maidir le Covid-19 a thabhairt i bhfeidhm. Mar gheall ar phaindéim Covid-19, beidh leagan fíorúil 3D de "From Turmoil to Truce" á chur le chéile agus á fhoilsiú ag an Leabharlann Náisiúnta.

World War Ireland

Beidh mórthionscnamh nua réigiúnach á sheoladh ag an Leabharlann Náisiúnta freisin i gcomhar le hIarsmalann Contae an Chabháin agus aistreofar an taispeántas 'World War Ireland' ar iasacht go fadtéarmach as Sráid Chill Dara go dtí an Cabhán. Tá leagan fíorúil 3D de *"World War Ireland"* á chur le chéile freisin agus sin le foilsiú i rith an dara ráithe den bhliain 2021.

Tá clár nua oideachais dírithe ar fhoghlaimeoirí fásta, a bheidh bunaithe ar shraith léachtaí ar líne le plé seomra ranga ina ndiaidh, á réiteach chun léargas ginearálta a thabhairt ar stair na linne atá i gceist agus deis machnaimh a thabhairt maidir leis an tionchar leanúnach atá ag eachtraí a bhaineann le Deich mBliana Chomóradh an Chéid. Beidh na coinníollacha ar fad maidir leis an tsláinte phoiblí á sásamh i ndáil leis na gnéithe seo den chlár.

Tá clár imeachtaí á leagan amach ag an Leabharlann Náisiúnta freisin maidir le sraith de léachtaí poiblí agus de phlé painéil ar an láthair agus ar líne a bheidh ar fáil saor in aisce. Leanfar freisin den chomhar páirtnéireachta le History Ireland i bhformáid dhigiteach, le plé painéil na Scoile Scairte maidir le téamaí móra agus eachtraí móra na linne. Beidh imeachtaí den sórt sin á n-eagrú maidir leis an sos cogaidh a fhógairt idir fórsaí na Breataine agus fórsaí na hÉireann, tús leis an bplé maidir leis an gConradh Angla-Éireannach agus síniú an Chonartha i mí na Nollag.

Comhar nua páirtnéireachta le Century Ireland

Beidh tús á chur ag an Leabharlann Náisiúnta freisin le comhar nua páirtnéireachta le Century Ireland, atá ceangailte go háirithe leis an tionscnamh maidir le Cartlannaíocht Dhomhanda. Tá d'aidhm leis an tionscnamh gnéithe idirnáisiúnta d'ábhar cartlainne in Éirinn a thabhairt chun suntais agus a chur i láthair.

An Dr Sandra Collins
Stiúrthóir

STAIDÉAR AGUS STÁIT

Na Laverys agus an Conradh Angla-Éireannach

OSCLAÍTEAR SAMHAIN 2021

Tá comhléiriú á dhéanamh ag Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath an Hugh Lane agus ag an Ard-Mhúsaem ar thaispeántas chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain ó síníodh an Conradh Angla-Éireannach. Tá beartaithe an taispeántas a chur ar siúl in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Ealaín Mhaisiúil agus Stair, Dún Uí Choileáin. Beidh saothar ealaíne as Dánlann an Hugh Lane sa taispeántas le Sir John Lavery, Leo Whelan agus ealaíontóirí clúiteacha eile chomh maith le déantúsáin stairiúla as bailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Idir an Sos Cogaidh i mí Iúil 1921 agus síniú an Chonartha ar an 6 Nollaig deireadh na bliana sin, ba dhroch-chomhartha dhá phátrún a bhí ag rith leis na cainteanna idir toscairí na hÉireann agus ionadaithe na Breataine: neamhréiteach dosháraithe idir muintir na hÉireann agus muintir na Breataine maidir le stádas an stáit nua agus leis an gceangal leis an mBreatain, agus scoilteanna seanbhunaithe idir daoine i ngluaiseacht na saoirse féin. Tráthanna cinniúnacha i stair na hÉireann i rith dheich mbliana na coimhlinte idir 1913 agus 1923 ab ea na cainteanna maidir leis an gConradh agus síniú an Chonartha féin. Is beartaíocht i gcomhar idir an dá fhoras an clár foghlama agus caidrimh a ghabhann leis an taispeántas trína ndéantar cióradh ar théamaí leathanréimseacha, ina measc an ceangal idir saol na healaíne agus saol na polaitíochta, an dúchas náisiúnta agus an fhéiniúlacht phearsanta mar a cuireadh in iúl iad i saothair ealaíne agus an ealaín i gcúrsaí bolscaireachta. Is é a fheictear go mbeidh ceol, oirfidíocht agus damhsa i gceist leis an gclár chomh maith le cainteanna, cuairteanna siúlóide agus cuairteanna ar líne agus siompóisiam mórshuntasach atá á phleanáil do thús na bliana 2022.

Clár Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN)

Oibríonn Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcomhpháirtíocht le hOifigigh Oidhreachta Údaráis Áitiúil i gcontaetha an Chláir, Gaillimh agus Chill Mhantáin, trí Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN), go tacú le grúpaí pobail a stair agus a n-oidhreacht áitiúil a bhailiú, a thaifeadadh agus a chaomhnú. Coinníonn oibrithe deonacha na bailiúcháin áitiúla seo ar a láithreáin ghréasáin cartlainne pobail, agus iad á ndéanamh inrochtana do lucht féachana áitiúil agus domhanda.

Tá naisc láidre cruthaithe ag pobail iCAN lena gcónaitheoirí áitiúla, scoileanna, grúpaí sainspéise agus diaspóra domhanda, ag tógáil lucht féachana spéise leathan a bhfuil fonn orthu páirt a ghlacadh ann na cartlanna áitiúla seo agus tionscnaimh ghaolmhara bunaithe ar thionscadail a thógáil. Idir 2020 agus 2023, tá sé beartaithe ag an gClár iCAN sraith seimineár agus comhdhálacha cuimhneacháin a eagrú.

Tionscadal Scoileanna: Giving Young People A Voice

Tá á leagan amach leis an togra seo cuireadh a thabhairt do dhaoine óga, trína gcuid scoileanna nó trí pháirtnéirí eile, páirt a ghlacadh i gceardlanna traschuraclaim agus idirdhisciplíneacha dírithe ar eachtraí cinniúnacha i rith na mblianta 1920 – 23, mar shampla Cogadh na Saoirse, bunú na Teorann, Cogadh na gCarad agus bunú an tSaorstáit. Spreagfar na rannpháirtithe chun díriú ar na himeachtaí sin le dearcadh mhuintir na linne; agus cióradh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le neamhréir i snáthscéal staire tionchar chun dochair a bheith aige ar shaol dhaoine sa lá atá inniu ann.

Tabharfar cuireadh do rannpháirtithe na gceardlann oibriú i gcomhar le meitheal oideachais agus áisitheoireachta an Ard-Mhúsaeim chun ábhar agus/nó imeachtaí a chruthú atá dírithe ar nithe i mbailiúchán an Mhúsaeim a bhaineann leis an ré 1920 –1923, i gcomhthéacs na ceist: conas is féidir foghlaim ón stair ionas go seachnaítear athdhéanamh na ndearmad a rinneadh cheana? Eagrófar comhdháil scoileanna mar bheart deiridh an tionscadail a chraolfar i rith fhómhar na bliana 2023 ionas gur féidir le scoileanna ar fud na hÉireann páirt a ghlacadh ann.

Pathways to Participation

Agus súil á chaitheamh siar ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid, cuirfidh an tArd-Mhúsaem tuairisc le chéile ar éagsúlacht na gclár foghlama a d'eagraigh an tArd-Mhúsaem mar chomóradh ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid. Beidh aird faoi leith san fhoilseachán sin ar thuairim dhaoine faoi na cláir, ina rannpháirtithe dóibh nó ina bpáirtnéirí.

Ard-Mhúsaem na hÉireann

Cuirfear tús i rith na bliana 2021 ar mhórthaispeántas nua atá á bheartú Work will begin in 2021 on a proposed new major exhibition Dánlanna Stair an 20ú Aois in Éirinn. Tabharfaidh Dánlanna Stair an 20ú Aois in Éirinn (1900-2020) deis don chuairteoir cíoradh a dhéanamh ar eachtraí móra stair na hÉireann ag tarraingt ar imeachtaí cinniúnacha na mblianta 1912-23 agus ar imeachtaí na mblianta sin féin. Beidh na dánlanna buantaispeántais seo á n-oscailt sa bhliain 2023 i Músaem na hEalaíne Maisiúla agus na Staire, Dún Uí Choileáin, ag teacht leis an gcomóradh ar chéad bliain ó bhunú Shaorstát Éireann.

Féachfar le bunábhar cultúir atá beo athraitheach a chur ar fáil i nDánlanna Stair an 20ú Aois in Éirinn ar bhealach trínar féidir dul in oiriúint go luath-thapadh i ndáil le ceisteanna maidir le hathrú ar fhéiniúlacht na nÉireannach agus ar stair chomhaimseartha na tíre. Tríd an tionchar tréan atá ag na dánlanna taispeántais sin a lonnú san Ard-Mhúsaem agus an bailiúchán náisiúnta a chur in úsáid ar bhealach lena mbaineann tréithe an chomhair agus an tsoichill chun gnéithe cráite agus gnéithe sultmhara den stair le 120 bliain anuas a chur i láthair, freastalófar d'údarás a chur le réimse tráchtaireachta agus tuairimí ar minic ceilt orthu sna gnáthleabhair staire. Tabharfaidh an próiseas forbartha a bhaineann leis an taispeántas deis don mheitheal oibre san Ard-Mhúsaem caidreamh a chothú le páirtnéirí i bhforais léinn, i ngrúpaí sainspéise, in iarsmalanna áitiúla, i ngrúpaí cartlannaíochta áitiúla agus i leabharlanna áitiúla.

Tá comhléiriú á dhéanamh ag Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath an Hugh Lane agus ag an Ard-Mhúsaem ar thaispeántas chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain ó síníodh an Conradh Angla-Éireannach. Tá beartaithe an taispeántas a chur ar siúl in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Ealaín Mhaisiúil agus Stair, Dún Uí Choileáin ón 23 Samhain 2021 amach. Leagtar amach scrúdú a dhéanamh ar chúlra polaitíochta agus míleata an Chonartha, go háirithe ar an ról a bhí le Dáil Éireann agus leis an gComh-Aireacht, fórsaí airm an tSaorstáit nuabhunaithe agus na bPoblachtánach, agus a seasamh nó a mhalairt ar son mhuintir na hÉireann ó thaobh ionadaíochta. Beidh fiosrú á dhéanamh freisin leis an taispeántas ar na cainteanna maidir leis an gConradh agus ar shíniú an Chonartha mar eachtraí cinniúnacha maidir le deich mbliana na corraíle in Éirinn idir na blianta 1913 agus 1923, agus cíoradh ar cheisteanna maidir le sraith na n-eachtraí ó shíniú an Chonartha, go dtí díospóireachtaí feargacha sa Dáil, go dtí aontú an Chonartha le mórlach beag agus cibé ar chuir an tsraith eachtraí sin athrú ar an gConradh ionas gur cáipéis a bhí ann lenar brostaíodh le Cogadh na gCarad seachas leis an tsíocháin.

- **Déantúsáin de chuid na linne as bailiúchán an Ard-Mhúsaeim lena n-áirítear, mar shampla, cóip de cháipéis an Chonartha ar a bhfuil a n-ainmneacha curtha ag na daoine a shínigh an Conradh, an peann a deirtear a d'úsáid Micheál Ó Coileáin agus bunchóip an Chonartha á síniú aige, agus cáipéisí bolscaireachta ar son agus i gcoinne an Chonartha .**
- **Grianghraif as Bailiúchán Joseph Cashman in Ard-Mhúsaem na hÉireann ina léirítear na heachtraí agus na pearsaí ba thábhachtaí maidir leis an tréimhse idir an Sos Cogaidh agus an Conradh.**
- **Saothair le Sir John Lavery, RA RSA RHA, ó ré an Chonartha as bailiúchán Dhánlann an Hugh Lane. Tá portráidí san áireamh de dhaoine a chuir síniúchán leis an gconradh agus de dhaoine eile a raibh tábhacht leo ag an am.**
- **Saothar ealaíne le Leo Whelan, RHA agus le Lily Williams, ARHA, as bailiúchán Dhánlann an Hugh Lane.**
- **Tá iarrtha ar eagraíochtaí éagsúla, mar shampla an Chartlann Mhíleata, an Dánlann Náisiúnta agus Músaem Náisiúnta Thuaisceart Éireann ábhar a chur ar fáil ar iasacht**

Beidh foilseachán tábhachtach ag gabháil leis an taispeántas.

Lynn Scarff
Stiúrthóir


Text of Treaty
BETWEEN
Great Britain and Ireland
SIGNED
6th DECEMBER, 1921.

Stairiúil



CÉAD BLIAIN DEN TEORAINN

Mar a thugann an grúpa comhairleach saineolaithe faoi deara, *tá comóradh céad bliain bhunú Thuaisceart Éireann ag druidim linn agus gabhann dúshláin dheacra íogaire leis sin. Aithnítear gurbh ionann an chríochdheighilt agus bearna a chuaigh i bhfeidhm, ar feadh tréimhse fhada, ar iomláine an chaidrimh ar an oileán, go háirithe roimh shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta sa bhliain 1998. Níor cheart neamhaird a thabhairt ar an bpobal aontachtach a fhéachann ar Thuaisceart Éireann mar chuid den Ríocht Aontaithe agus a bhfuil bród air as Tuaisceart Éireann a bheith ann agus as a éachtaí. Mar an gcéanna, d'fhulaing an pobal náisiúnach i dTuaisceart Éireann fíorchoimhthiú thar thréimhse 50 bliain faoin bParlaimint a bunaíodh sa bhliain 1921. Maidir le daoine sa tríú grúpa – Aontachtaithe sa Deisceart – a ndearna an chríochdheighilt difear buan dá slí bheatha, dá gcultúr agus dá mianta polaitiúla, ba cheart aitheantas a thabhairt dóibh freisin le linn na n-imeachtaí comórtha'.*



Spreagadh an clár don tréimhse chuimhneacháin atá le teacht machnaimh faoi na haitheantas iolrach, traidisiúin agus peirspictíochtaí atá mar chuid den eispéireas stairiúil iomlán na hÉireann. Beidh an cur chuige uilechuimsitheach agus measúil a bhí mar bhonn agus taca lenár rathúlacht comóradh ar imeachtaí go dtí seo, ár gcur chuige ceanna i leith marcáil a threorú na comóradh fós le teacht.

Cuirfidh an clár san áireamh íogaireachtaí ar fud na bpobal i Tuaisceart Éireann agus leanfaidh sé a aithint go leanann peirspictíochtaí an-difriúil ar go leor imeachtaí seo - go háirithe ar Dheighilt agus bunús Thuaisceart Éireann - i líne leis an treoir a sholáthraíonn an Grúpa Comhairleach Saineolaithe.

Oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha ag cothabháil dlúth-theagmháil le raon leathan de geallsealbhóirí i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear ionadaithe polaitiúla agus Fóram Comóradh Céad Bliain Oifig Thuaisceart Éireann, chun bealaí cumarsáid oscailte a chinntiú maidir le pleanáil do na comóradh céad bliain atá le teacht.

Reflections on the Centenary of the Government of Ireland Act

D'eagraigh Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ócáid ar líne dar teideal *'Reflections on the Centenary of the Government of Ireland Act'* Déardaoin, an 10 Nollaig 2020. Tháinig ceannairí polaitíochta agus daoine den aos léinn le chéile ag an ócáid seo le plé a dhéanamh ar théamaí maidir le deighilt an oileáin agus bunú Thuaisceart Éireann. Ar ábhar an chláir, bhí aitheasc réamhthaifeadadh ón Aire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney TD agus ó Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann, Brandon Lewis MP agus plé painéil réamhthaifeadta leis an Ollamh Fearghal McGarry ina chathaoirleach agus an Tiarna Paul Bew agus an tOllamh Mary Daly páirteach sa phlé. Chuir an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire óráidí réamhthaifeadta i láthair chomh maith.

The Partition of Ireland: Causes and Consequences

Bhí á leagan amach ar dtús ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, comhdháil acadúil den ghnáthchineál a eagrú ar an dáta sin, ag teacht le moladh de chuid Ghrúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid gurbh oiriúnach an bealach chun cothrom céad bliain ó theacht na teorann agus ó bhunú Thuaisceart Éireann a chomóradh.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá athshamhlú déanta ar an gcomhdháil a bhí beartaithe. Beidh sraith de chainteanna poiblí, arna n-eagrú ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste faoin teideal *"The Partition of Ireland: Causes and Consequences"*, á dtabhairt i rith na bliana 2021 chun cothrom céad bliain dheighilt na hÉireann a chomóradh. Tá cúnamh taca i ndáil leis an tsraith á thabhairt ag Rialtas na Ríochta Aontaithe agus ag Rialtas na hÉireann, chomh maith le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus an British Academy. Tá aontaithe ag an BBC na cainteanna a thaifeadadh agus tá beartaithe an tsraith a chur ar fáil don phobal ar BBC Sounds chomh maith leis na láithreáin gréasáin atá ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, ag Acadamh Ríoga na hÉireann agus ag an British Academy. Beidh an chéad chaint á craoladh i rith mí Aibreán 2021.

Craobhchóras Ambasáidí na hÉireann

Leanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán den chúnamh taca do chraobhchóras Ambasáidí na hÉireann d'fhonn a chinntiú go dtugtar an t-aitheantas cuí don ghné idirnáisiúnta agus do ról an Diaspóra in rith ré ghluaiseacht na saoirse. Áirítear ar na tionscnaimh atá beartaithe don bhliain 2021:

- Tá an Ambasáid i Londain, le cúnamh taca ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i mbun clár comórtha an chéid a leagan amach maidir leis na cainteanna faoin gConradh i Londain. Tá tús curtha le sraith 'Centenary Conversations' le daoine den lucht léinn agus smaointeoireachta as Éirinn agus as an mBreatain ag cíoradh cúrsaí staire céad bliain ó shin. Tá pleananna á gcur le chéile chomh maith, i gcomhar le Dánlann an Hugh Lane, maidir le taispeántas i Londain de phortráidí Sir John Lavery de na daoine a bhí i mbun na gcainteanna ar an dá thaobh. Ar na gnéithe eile a d'fhéadfadh a theacht i gceist, tá: taispeántas i gcomhar leis an gCartlann Náisiúnta; 'The Treaty', dráma nua le Fishamble Theatre, a chur ar stáitse roinnt uaireanta i gceantar Westminster/ Whitehall; agus ócáid san Ambasáid ag a dtabharfar gaolta lucht na gcainteanna le chéile, muintir na Breataine agus muintir na hÉireann araon. Bheadh cion tairbhe á dhéanamh ag lucht staire ar mhaithe le machnamh ar an gConradh, ar an ról a bhí ag sinsir na ndaoine seo, an comhthéacs sóisialta agus cultúrtha go ginearálta agus na cora a tháinig ina saol tar éis shíniú an Chonartha.
- Tá sraith léachtaí agus plé painéil á eagrú ag Ambasáid na hÉireann i Washington D.C., i gcomhar leis cláir Léann na hÉireann in Ollscoileanna agus i gColáistí i Meiriceá agus leis an American Conference for Irish Studies (ACIS). Cuirfear tús leis an gclár, faoin teideal A Farther Shore - American Reflections on the Advent of Irish Independence (1921-22), i dtús na bliana 2021. Beidh ábhar á chur i láthair ag scoláirí atá lonnaithe i bhforais léinn sna Stáit Aontaithe, nó ceangailte leis na forais sin, gach mí - ar líne i dtosach - go dtí mí Meitheamh 2021, painéal príomhchainteanna san áireamh ag comhdháil bhliantúil ACIS i nDoire.

Scéim nua Sparánachtaí chun cuidiú le staraithe áitiúla

Déanfar, i gcomhairle le Grúpa Comhairle na Saineolaithe, tionscnaimh a leagan amach a spreagfaidh staraithe áitiúla agus obair nua taighde ag díriú ar théamaí a bhaineann le ré Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad faoi mar a thit amach i gceantar logánta. Cuirfear ciste nua ar leithligh ar bun d'fhonn cúnamh a thabhairt le saothar nua taighde den sórt seo a fhoilsiú agus a chur chun tosaigh.

Tús le Córas Dlí agus Cirt na Tíre

Beidh ról ceannródaíochta ag an Roinn Dlí agus Cirt, i gcomhar le Grúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid maidir le forbairt na bpleananna chun scrúdú a dhéanamh ar thús an chóras dlí agus cirt in Éirinn, na cúirteanna agus póilíneacht san áireamh.

Foilseacháin Nua

Cuideoidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le dhá imleabhar de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann a fhoilsiú - 'Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War' agus 'The Handover: Dublin Castle and the British withdrawal from Ireland'.

Tá an Roinn ag cuidiú freisin leis na himleabhair seo a leanas a fhoilsiú:

- *Shadows and Reflections – A Photographic Portrait of the Irish National War Memorial Gardens le tráchtaireacht i bhfoirm filíochta agus próis le mná chompántas pobail i mBaile Átha Cliath 8*;
- *Female enfranchisement and its limitations, 1918-2018: Gender, politics, class, and caste in Ireland, Europe and India.* Imleabhar ina mbeidh 20 caibidil arna gcoimisiúnú go speisialta maidir le Stair Inscne na hÉireann 1852-1922 le scoláirí sa réimse sin den léann agus le réamhrá leis an Ollamh Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus
- *Bibliography of Irish Women's History* arna chur le chéile agus arna fhoilsiú ag Cumann Stair na mBan in Éirinn mar acmhainn don phobal.

LOSCADH THEACH AN CHUSTAIM

Tá clár ginearálta comórtha á thabhairt chun cinn ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le comóradh chéad bliain ar Loscadh Theach an Chustaim, ionad nua cuairteoirí a fhorbairt san áireamh. Bhí á bheartú an t-ionad a oscailt ar an 25 Bealtaine chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcéad bliain ach tharla moill mar gheall ar shrianta Covid 19 agus síltear anois go n-osclófar an t-ionad i mí Meitheamh nó mí Iúil 2021 (dáta sealadach - ag brath ar shrianta eile agus ar an sceideal oibre).

An Chartlann Mhíleata

Tá an Chartlann Mhíleata suite i nDún Chathail Bhrugha i Ráth Maoinis, Baile Átha Cliath. Is í an chartlann seo an taisce oifigiúil, faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, maidir le taifid cartlainne a bhaineann le hÓglaigh na hÉireann, leis an Roinn Cosanta agus le Bord na nArm-Phinsean. Tá an Chartlann Mhíleata suite in áras a tógadh go speisialta le haghaidh na cuspóra agus a osclaíodh sa bhliain 2016 mar cheann de chomharthaí bithchuimhne na hÉireann - tograí caipitil buanoidhreachta mar cheiliúradh ar chothrom céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916. Cé gur le blianta beaga anuas tá an Chartlann ar an láthair nua, tá stair na Cartlainne féin le ríomh aniar ón mbliain 1924.

Tá bailiúcháin go leor sa Chartlann Mhíleata a bhfuil buntábhacht leo maidir le heachtraí dheich mbliana na réabhlóidíochta 1913-1923. Áirítear orthu sin roinnt de na bailiúcháin is tábhachtaí sa tír, ina measc *Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata (1916-1923), Biúró na Staire Míleata 1913-1923, agus Páipéir Uí Choileáin 1918-1922.* Ar cheann de na bailiúcháin is géire a bhaineann leis an mbliain 1921, tá *Páipéir maidir leis an Sos Cogaidh, Idirchaidreamh agus Aslonnú*, a eascraíonn ó Oifig an Ard-Oifigigh Idirchaidrimh a cuireadh ar bun tar éis na hidirbheartaíochta maidir le Sos Cogaigh idir an IRA agus Rialtas na Breataine ag deireadh Chogadh na Saoirse

Is faoi cheannródaíocht na Roinne Cosanta togra Bhailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata agus tá meitheal faoi leith ina bhun. Beidh níos mó comhaid pinsin á bhfoilsiú i rith na bliana 2021 ag cur leis an gcorpas suntasach de bhunábhar digitithe atá ar fáil cheana féin ar líne. Leanfaidh an mheitheal d'aird a dhíriú ar eachtraí a bhfuil cáil orthu agus ar eachtraí a théann gan oiread sin iomrá maidir leis an mbliain 1921 agus beidh béim faoi leith ar ról na mban agus ar a dtaithí saoil le linn dóibh a bheith gníomhach i rith ré na réabhlóide agus tráth ab fhaide anall.

Tá barrthábhacht le bunfhoinsí den scoth ionas gur féidir dea-thuiscint ar stair chasta fhite fuaite na ndreamanna éagsúla ar oileán na hÉireann. Le Deich mBliana Chomóradh an Chéid, cothaíodh feabhas mór ó thaobh ábhar cartlainne in Éirinn, maidir le toirt an ábhair agus leis an deis é a thapú. Tá stair Óglaigh na hÉireann, ó bhunú na hÓglach an chéad lá riamh go dtí Fórsaí Cosanta an lae inniu, ceangailte go dlúth le scéal Éire na linne seo. Is ábhar bróid ag Óglaigh na hÉireann agus ag an Roinn Cosanta an pháirt lárnach atá acu, tríd an gCartlann Mhíleata, i gcaomhnú an ábhar staire agus ina chur ar fáil don phobal.

Tá cuid mhór acmhainní ar fáil ar an láithreán gréasáin www.militaryarchives.ie, agus is féidir cuid mhór eile a thapú i Seomra Léitheoireachta an Cheannfort Peter Young ach coinne a shocrú trí scríobh chuig militaryarchives@defenceforces.ie nó glaoch ar (01) 804 6457.

Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata (1916-1923) (BPSM)

Ó foilsíodh an chéad chuid den ábhar ar an idirlíon, tá próiseáil déanta ar níos mó ná 100,000 comhad agus tá isteach is amach le 30,000 comhad is féidir a íoslódáil faoin tráth seo. Tá digitiúchán déanta ar níos mó ná dhá mhilliún leathanach. Tá beartaithe ábhar breise a bhaineann le tionscadal BPSM a chur ar fáil faoi dhó i rith na bliana 2021. Tá ábhar an bhailiúcháin ar fáil ar láithreán gréasáin na cartlainne míleata anseo.

Is féidir leas a bhaint as an ábhar ar mhaithe le taighde staire agus maidir le spéis an phobail a chothú i gcomhthéacs imeachtaí pobail ar an leibhéal áitiúil. Tá clár breise maidir le spéis an phobail á leagan amach ag dul leis an ábhar lena mbainfidh cainteanna poiblí, siompóisiaim agus foilseacháin.

á pleanáil ar siúl ag an gCartlann Mhíleata maidir le hábhar breise a fhoilsiú i rith na bliana 2021, an chuid seo a leanas san áireamh

- **Comhaid Riaracháin na Cúirte Airm 1922-1924 (ar fáil i Seomra Léitheoireachta na Cartlainne Míleata ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh)**
- **Tá obair digitiúcháin ar siúl faoi láthair ar shraith Cháipéisí Comhaimseartha Bhiúró na Staire Míleata (1913-1921). Tá beartaithe an tsraith sin a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na Cartlainne Míleata i rith na bliana 2021.**

Comhdháil ar Ghnéithe Míleata d'Fheachtas na Saoirse

Tá socraithe go sealadach an chomhdháil seo, arna heagrú ag Cumann Staire Míleata na hÉireann agus ag an gCartlann Mhíleata, a chur ar siúl i mí Iúil 2021. Beifear ag díriú ar na gnéithe míleata d'fheachtas na saoirse. Cuireadh an chomhdháil ar athló ón mbliain 2020 mar gheall ar COVID-19.

Clár Scoileanna Scairte Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2021

Comhar páirtnéireachta leanúnach le History Ireland maidir le 2021 Clár Scoileanna Scairte Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2021, a dtugann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán cúnamh ina leith, a thabhairt i gcrích. Is modh faoi leith na díospóireachtaí bríomhara seo faoi réimse leathan topaicí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla maidir le Deich mBliana Chomóradh an Chéid chun spéis a spreagadh agus a chothú in ábhar staire. Bíonn tóir orthu ag grúpaí sainspéise, mar shampla cumainn staire áitiúla, ach cuireann réimse leathan daoine suim iontu chomh maith.

Mar gheall ar chúrsaí sláinte poiblí i rith na bliana 2020, tá na Scoileanna Scairte á léiriú anois ina míreanna podcraoltóireachta gan aon lucht éisteachta i láthair agus bíonn siad ar fáil ar www.decadeofcentenaries.com. Tá na cláir podchraoltóireachta seo a leanas beartaithe i rith na bliana 2021:

JAN

EANÁIR:
'Spies and informers beware!' - Eunan O'Halpin (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), Andy Bielenberg, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), Cécile Gordon (Stiúrthóir, Tionscadal na bPinsean Seirbhíse Míleata) agus Gerry White (Údar agus iarbhall d'Óglaigh na hÉireann)

FEB

FEABHRA:
Katherine O'Shea centenary—what if she and Parnell never met? - Mary Kenny (Iriseoir agus Craoltóir), Daniel Mulhall (Ambasadóir na hÉireann chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá, Patrick Maume (Acadamh Ríoga na hÉireann, Dictionary of Irish Biography) agus Margaret O'Callaghan (Ollscoil na Ríona, Béal Feirste).

MAR

MÁRTA
Marú tráth cuirfiú i Luimneach. Feallmharú bheirt Ardmhéaraí de chuid Luimnigh, George Clancy agus Michael O'Callaghan. Deis plé a dhéanamh ar an ról a bhí leis an rialtas áitiúil maidir le gluaiseacht na saoirse in Éirinn.

Eachtra Chrois an Bharraigh (an eachtra ba mhó i rith Chogadh na Saoirse) ar an 19 Márta 1921.

MAY

BEALTAINE
Loscadh Theach an Chustaim (an cúigiú lá is fiche)

JUN

MEITHEAMH
Oscailt pharlaimint Thuaisceart Éireann ag George V. Céad bliain ó bunaíodh Tuaisceart Éireann.

JUL

IÚIL
An Sos Cogaidh agus an idirbheartaíocht idir sin agus an Conradh.

AUG

LÚNASA
An choimhlint propaganda—náisiúnta agus idirnáisiúnta. An tábhacht le tuairim na ndaoine.

SEP

MEÁN FÓMHAIR
Podchraoladh curtha in oiriúint do dhalta iar-bhunscoile i gcomhar le Cumann na Múinteoirí Staire.

OCT

DEIREADH FÓMHAIR
Slua-chistíocht na réabhlóide. Iasacht Chéad Dáil Éireann agus an cúlchóras riaracháin.

NOV

MÍ NA SAMHNA
'The Greater War' san Eoraip. Cogadh na Saoirse á mheas i gcomórtas le "cogaí beaga" eile ar fud na hEorpa 1918-1923—cogadh cathartha na Fionnlainne, cogadh cathartha na Rúise, cogaí éagsúla maidir le teorainneacha, etc.

DEC

MÍ NA NOLLAG
An Conradh—margadh maith nó drochmhargadh?

Caidreamh leis na Scoileanna

Tá tionscnaimh agus acmhainní éagsúla tugtha chun cinn ag an Roinn Oideachais agus ag seirbhísí taca na Roinne, agus leantar ag cur a leithéid le chéile agus á leagan amach ar mhaithe le cuidiú le daoine óga agus lena gcuid múinteoirí agus iad ag plé le ceisteanna casta thréimhse Dheich mBliana Chomóradh an Chéid.

https://www.scoilnet.ie/ an taisce náisiúnta acmhainní ar líne do na scoileanna, bunscoileanna agus scoileanna iarbhunscolaíochta. Leanfar de lón ábhair a bhaineann le Deich mBliana Chomóradh an Chéid a fhoilsiú ar Scoilnet agus gach acmhainn á cheangal go soiléir leis an réimse curaclaim agus na torthaí sonracha foghlama a thagann i gceist.

Tá comórtas 'Dheich mBliana Chomóradh an Chéid' 2021 maidir le stair na hÉireann do na bunscoileanna agus na scoileanna iarbhunscolaíochta (le béim ar thréimhse na mblianta 1912–1922 nó ar chuid den tréimhse sin) á eagrú i gcomhar idir an Roinn Oideachais, Scoil na Staire i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus History Ireland. Beidh fáilte roimh thionscadail faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas ach is féidir téama áitiúil/réigiúnach a bheith leis an saothar:

- **Réabhlóid in Éirinn**
- **Éire agus an Chéad Chogadh Domhanda**
- **Na Mná agus Ré na Réabhlóidíochta in Éirinn**
- **Cogadh na Saoirse**
- **Cogadh na gCarad**

Dé hAoine, an 30 Aibreán 2021 an dáta deiridh maidir le hiarratais agus bronnfar na duaiseanna i mí Meán Fómhair 2021. Is féidir na sonraí ar fad a tharraingt chugat féin ó www.education.ie/historycompetition.

Machnamh 100

Tá An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meáin ag tacú le Machnamh 100. Is tionscnamh de chuid an Uachtaráin Higgins é, ina bhfuil sraith de seimineáir ag tabhairt cuireadh do mhachnaimh ar Chogadh na Saoirse, Deighilt, Idirbheartaíocht an Chonartha agus an Cogadh Cathartha. Scoláirí ceannródaíocha ó chúlraí éagsúla agus le roinneann raon peirspictíochtaí a gcuid léargas agus smaointe ar chomhthéacs agus imeachtaí na tréimhse múnlaitheach sin de céad bliain ó shin agus ar nádúr an chuimhneacháin féin.

An Post – Clár Stampaí Comórtha

Tá dhá stampa le háireamh i gclár stampaí comórtha na bliana 2021 d'fhonn comóradh a dhéanamh ar shíniú an tSos Cogaidh chomh maith le dhá stampa comórtha maidir leis an idirbheartaíocht faoin gConradh Angla-Éireannach. Is díol suntais an bhéim leanúnach seo ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid agus ar eachtraí tábhachtacha na staire.

D'aontaigh an Rialtas le dearadh na stampaí ar an 8 Nollaig 2020 mar chuid den chlár dearthóireachta maidir le stampaí uile na bliana 2021. Eiseofar stampaí chomóradh an chéid maidir leis an Sos Cogaidh, Déardaoin, an 8 Iúil 2021 agus déanfar a seoladh go hoifigiúil an 11 Iúil 2021 go mbíonn tráthúil maidir le hócáidí chomóradh an chéid.

Chomh maith leis sin, is glao oscailte nua an Coimisiún Stampa An Post Saorstát Éireann i gcomhpháirtíocht le Business to Arts do ealaíontóirí agus coimisiún stampa gaolmhar. Tá cuireadh chuig ealaíontóirí sonraí faoi shaothar ealaíne bunaidh a chur isteach, a dhéanann comóradh ar céad bliain Saorstát Éireann i 2022.

Spéis an tSaoránaigh a Chothú

Century Ireland

Cuideoidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le Century Ireland (www.rte.ie/centuryireland) – tionscnamh ar líne mar a bheadh páipéar nuachta stairiúil ann trína gcuirtear i láthair scéal shaol na hÉireann céad bliain ó shin, arna fhoilsiú uair sa choicís ag dream taighde in Boston College agus á chur i láthair an phobail ag RTÉ. Tá an páipéar digiteach seo le háireamh ar shraith de thionscnaimh dhigiteacha faoin gclár a bhfuil curtha leis an aird orthu, leis an bhfiúntas atá leo agus leis an tóir atá orthu mar gheall ar an gcás éigeandála ó thaobh shláinte an phobail a ghabhann le paindéim Covid-19.

Tionscnamh ar líne RTÉ

Tá RTÉ agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ag obair i gcomhar faoi láthair ar shraith de thrí chlár faisnéise don teilifís bunaithe ar Atlas of the Irish Revolution, arna fhoilsiú ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Beidh sin á chraoladh i mí Deireadh Fómhair 2022 mar chomóradh ar chéad bliain Chogadh na gCarad agus le cúnamh ón Roinn déanfar scrúdú sa tsraith ar bhlianta cinniúnacha bhunú an Stáit ón Sos Cogaidh anall go dtí na díospóireachtaí géara faoin gConradh agus an scoilt, tosú Chogadh na gCarad, imeachtaí an chogaidh sin agus ar tháinig dá thoradh go luath agus go fadtéarmach.

Ag dul leis an tsraith trí chlár faisnéise faoi Chogadh na gCarad, tá beartaithe ag RTÉ ábhar breise digiteach a chruthú ag gabháil leis ionas go gcuirtear breis tairbhe leis an gclár faisnéise agus eolas breise ar fáil faoin tréimhse atá á chomóradh.

Beidh an togra seo ináirithe leis na comhshaothair maidir le Cogadh na Saoirse, 1916, an Chéad Chogadh Domhanda agus an rannóg ar líne a chuirfear go gairid le www.rte.ie/history.

Seasfaidh an Roinn le RTÉ agus le comhlachtaí craolacháin eile maidir le cláir eile agus tionscnaimh eile a mbeadh i ndán go dtiocfaidís i gcion ar lucht féachana agus éisteachta rífhairsing ar ardáin iléagsúla.

Irish Times Century Series

Cúnamh leanúnach maidir le sraith eagráin fhorlíontacha **Irish Times Century** a dháileadh ar na scoileanna. Anuas ar an méid sin, beidh socruithe nua páirtnéireachta á socrú i rith na bliana 2021 le comhlachtaí náisiúnta meán cumarsáide cló agus ar líne d'fhonn aird a dhíriú ar ghnéithe tábhachtacha de Chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid.

3 Sraith an Phobail

Tá na húdaráis áitiúla ina bpáirtnéirí mórthábhachta maidir le clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid agus bhí páirt faoi leith acu i gcomóradh uilechuimsitheach, measúil, ábhartha arna spreagadh ag an bpobal a chur chun cinn leis an aitheantas cuí, rannpháirtíocht agus cúnamh taca ón Stát. Tá ciste €50,000 ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán do gach údarás áitiúil sa bhliain 2021 chun treisiú le tionscnaimh chomórtha oiriúnacha pobail a fhorbairt agus freastal do phleanáil chun cinn maidir le tionscnaimh chomórtha na bliana 2022.

Tá naisc gar ag na údaráis áitiúla leis na himeachtaí stairiúil idir 1921 agus 1923

Leanfaidh na húdaráis áitiúla den chur chuige leathanréimseach i ndáil le heachtraí suntasacha agus téamaí móra na linne le haird ar na gnéithe ar fad a bhí fite ina chéile i rith ré na coimhlinte – cúrsaí airm, comhthéacs na polaitíochta, gnéithe sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir agus ar tháinig dá mbarr ó shin.

Tá ciste forlíontach €200k á chur ar fáil chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla sin a dtagann riachtanais breise i gceist leo mar gheall ar imeachtaí comórtha faoi leith agus tograí móra eile de réir mar is gá. Fáiltítear roimh thionscnaimh tras-teorann freisin faoin gcuid seo den phacáiste.

Tá iarrtha ar na húdaráis áitiúla na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh agus plean na bliana 2021 á leagan amach acu:

Bearta ealaíne agus cruthaitheachta a bhfuil an pobal chun tosaigh iontu

Tá ceangailte ar gach údarás áitiúil i mbliana ar a laghad **€15,000** as cistíocht na bliana 2021 a chur i leith chúnamh d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí cruthaitheachta maidir le tionscnaimh comórtha a thabhairt chun cinn a bhfuil an pobal chun tosaigh ina leith.

Cuirfidh léirmhíniú eachtraí na staire ag lucht na healaíne agus ag an aos cruthaitheachta in Éirinn deis ar fáil dúinn machnamh a dhéanamh agus ceisteanna, de chuid na staire agus de chuid na linne seo, a chíoradh agus a mheas a d'fhéadfadh a bheith casta anróiteach agus i gcásanna áirithe dul go smior sa duine. Moltar don údarás áitiúil dul i gcomhairle leis an Meitheal Cultúir/Éire Ildánach agus an clár ealaíne agus cruthaitheachta á leagan amach.

D'fhéadfadh tionscnaimh de na cineálacha seo a leanas, cé nach iad seo amháin a thagann san áireamh, a bheith i gceist le réimse léiriú na cruthaitheachta:

- **Tionscnaimh ar líne, mar shampla scannán, podchraoltóireacht, taispeántas, oirfidíocht, etc.**
- **Coimisiúin ealaíne nua d'ealaíontóirí de uile mhianach agus den uile seánra;**
- **Cláir d'Ealaíontóirí/Scríbhneoirí/Filí Cónaitheacha trínar féidir an stór d'ábhar saoithiúil cartlainne atá ar coimeád in iarsmalanna, i gcartlanna agus i leabharlanna contae a léiriú do dhream nua féachana agus éisteachta agus aird a tharraingt ar thábhacht na mbailiúchán sin;**
- **Scríbhneoireacht chruthaitheach;**
- **Comórtais ealaíne; agus**
- **Bearta cruthaitheachta d'fhonn cuidiú leis an gcaidreamh le daoine aosta, dreamanna nua agus daoine óga.**

Tionscnaimh a chothaíonn spéis an phobail go forleathan

- **Tionscnaimh a chuidíonn le córais nua ar mhaithe le spéis an phobail a chothú i bhfianaise phaindéim COVID-19, e.g. ábhar digiteach faoi chúram léiritheora, taispeántais ar líne, ábhar podchraolacháin, seimineáir gréasáin, turais fhíorúla, bearta ealaíne agus cruthaitheachta, a chur ar fáil chomh maith le bearta caidrimh eile do dhaoine de gach cineál aoise.**
- **Tionscnaimh a chothaíonn agus a chuidíonn le hobair taighde agus scoláireachta go háitiúil agus saorchead ag an bpobal ar bhunfhoinsí cartlainne, deis ábhar cartlainne áitiúil a cheadú ar líne san áireamh.**
- **Cúnamh maidir le 'Staraí Cónaitheach' a chothóidh spéis an phobail i g Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid i gClár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid.**
- **Cúnamh do na leabharlanna poiblí ionas go mbíonn d'acmhainn acu cur leis na bailiúcháin d'ábhar léitheoireachta a bhaineann le Deich mBliana Chomóradh an Chéid, ábhar do dhaoine óga san áireamh.**
- **Tionscnaimh maidir leis an Oidhreacht Dhigiteach (e.g. geomhapáil).**
- **Tionscnaimh i gcomhar leis na Forais Náisiúnta Cultúir, bearta lena mbaineann caidreamh seachtrach leis an bpobal san áireamh.**
- **Collaborative initiatives with the National Cultural Institutions, including public outreach activities.**

Cúnamh do thionscnaimh nó do bhearta i gcomhar arna gcur chun cinn ag leabharlanna

Tuigtear gur áit lárnach an leabharlann ina bhfuil fáilte isteach roimh an bpobal agus caomhnú agus cumhdach á dhéanamh ann ar lón cuimhne mhuintir na cathrach nó an chontae i mbailiúchán faoi leith de leabhair, de mhapaí, de ghrianghraif, de phriontaí, de chartlann páipéar nuachta agus de lámhscríbhinní. Tá ról faoi leith ag leabharlanna, ó thosaigh Deich mBliana Chomóradh an Chéid, ag cothú ceangail agus spéise i measc mhuintir na háite. Tá fáilte ag an Roinn roimh thionscnaimh a ndéanann leabharlann ceannródaíocht ina leith agus roimh thionscnaimh comhoibre lena mbaineann an tseirbhís leabharlannaíochta.

Tionscnaimh Trasteorann

Cuirtear fáilte roimh oiread agus is féidir de thionscnaimh trasteorann agus spreagtar an fhorbairt ar thionscnaimh den chineál sin faoi Dheich mBliana Chomóradh an Chéid; go háirithe tionscnaimh lena ndéantar scrúdú ar an tionchar a bhí, ag an am agus ó shin i leith, ag eachtraí na linne ar an bpobal i gcomharsanachtaí cóngarach leis an teorainn nuabhunaithe agus níos faide ó láthair.

Déantar soláthar i mbuiséad an chláir don bhliain 2021 do chistí breise chun cuidiú le comhobair trasteorann agus le tionscnaimh cuimhneacháin oiriúnacha.

Tionscnaimh lena mbaineann crann cuimhneacháin a chur agus tionscnaimh ghaolmhara

Seasann an Roinn leis na húdaráis áitiúla ar mian leo roinnt den chistíocht atá ar fáil acu a chur i leith chúnamh a thabhairt do Choistí na mBailte Slachtmhara nó eagraíochtaí pobail eile ar spéis leo an bheartaíocht sin, crainn a chur nó garráin agus gairdíní cuimhneacháin a chruthú nó gnéithe eile den chineál sin mar chomóradh ar na heachtraí suntasacha atá á dtabhairt chun cuimhne i rith chéim deiridh seo Dheich mBliana Chomóradh an Chéid.

Is maith leis an Roinn chomh maith an tionscnamh, *Gairdíní Cuimhneacháin agus Machnaimh Pobail* arna leagan amach faoi choimirce Ghlór na Cásca.

Iarrtar ar na húdaráis áitiúla a dheimhniú go ndéantar gach tionscnamh a dtugtar maoiniú ina leith a fhorbairt mar is cuí, i gcomhréir leis na prionsabail arna leagan síos ag Grúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid, agus le béim ar an athmhuintearas agus ar chomhchuimhneachán. Moltar leas a bhaint as painéil eolais, seachas as plaiceanna, chun an pobal a chur ar an eolas faoin mbrí agus an suntas atá leis na tionscnaimh a gceadaítear ciste ina leith.

Is féidir le Coistí Chomórtas na mBailte Slachtmhara na tionscnaimh dá gcuid maidir le Deich mBliana Chomóradh an Chéid a chur isteach faoin gcatagóir chuí i gComórtas bliantúil na mBailte Slachtmhara.

IARSMALANN CONTAE AN CHABHÁIN

World War Ireland

I rith na bliana 2021, beidh tionscnamh caidrimh nua réigiúnach á sheoladh ag an Leabharlann Náisiúnta i gcomhar le hIarsmalann Contae an Chabháin. Mar chuid den tionscnamh sin, aistreofar an taispeántas "World War Ireland" as Sráid Chill Dara ar iasacht go fadtéarmach go dtí an Cabhán. Beidh an taispeántas á choinneáil sa Spás Coitianta in Iarsmalann Contae an Chabháin.

Mar chuid den tionscnamh, beidh clár caidrimh poiblí á chur ar fáil i gcomhar idir an Leabharlann Náisiúnta agus Iarsmalann Contae an Chabháin agus leas á bhaint as an saineolas agus na háiseanna a bhaineann leis an dá fhoras. Cuirfear tús leis an gclár sin le seimineár speisialta ag a mbeidh painéal cainteoirí i mbun díospóireachta faoin tionchar a bhí ag an gcogadh ar an saol in Éirinn.

Is breá le hIarsmalann Contae an Chabháin an deis seo oibriú i gcomhar leis an Leabharlann Náisiúnta. Tugann seo seans maith dúinn cur lena mbíonn le taithí ag an gcuairteoir, i bhfianaise na dtaispeántas cuimhneacháin atá anseo againn cheana féin, faoin aer agus faoi dhíon, go háirithe Trínse an Chéad Chogadh Mór. As Tuaisceart Éireann a thagann sciar maith díobh siúd a thugann cuairt ar an Iarsmalann agus ní bheadh teacht acu go hiondúil ar thaispeántais de chuid na Leabharlainne Náisiúnta - tabharfaidh an comhar páirtnéireachta seo deis an t-ábhar seo a chur i láthair.

Savina O'Donoghue,
Stiúrthóir Iarsmalann Contae an Chabháin

BEARTA COMÓRTHA I GCONTAE CHORCAÍ – 2021

Cad ina thaobh go ndéanaimid comóradh? An é go meastar go bhfuil sé de dhualgas orainn, nó an é gur dár ndúchas é, rud a théann go smior san Éireannach? I gContae Chorcaí, is cás linn an stair agus tá scéalta le haithris i ngach paróiste faoi laochra an cheantair sin agus faoina raibh le fulaingt agus le sárú ag daoine.

Bliain shuntasach an bhliain 2021 maidir le comóradh an chéid i gContae Chorcaí. Tarlóidh cothrom céad bliain, ní amháin ó fógraíodh an sos cogaidh (an 11 Iúil 1921), ach ó tharla eachtraí luíocháin agus eile i rith Chogadh na Saoirse, mar shampla sa Druipseach agus i gCúl na Cathrach, cath Chrois an Bharraigh (ceann de na heachtraí coimhlinte is iomráití i rith Chogadh na Saoirse), agus an eachtra inar tharla bás an líon is mó Óglach in aon eachtra amháin i rith Chogadh na Saoirse – Luíochán Chluain Molt. Tharla níos mó ná 20 eachtra luíocháin i gContae Chorcaí i rith na bliana agus rinneadh níos mó ná 30 duine a fheallmharú nó a chur chun báis, ina measc an chéad duine a cuireadh chun báis arna cheadú go hoifigiúil roimh ré faoi Dhlí an Airm in Éirinn. Cuardaíodh tithe, tugadh ruathair faoi bheairicí, tugadh daoine chun bealaigh, d'éalaigh daoine ón ngéibheann agus tharla beagnach 100 eachtra lámhaigh - eachtraí ina measc a tharla de thimpiste ach ar tharla bás tragóideach dá mbarr. B'fhéidir nach raibh cás níos tragóidí ná an eachtra inar tharla ba thragóidí an cás inar maraíodh buachaill óg ceithre bliana d'aois i Ros Ó gCairbre mar gheall ar a bheith i ngar do bhuama a phléasc.

Tharla bás níos mó ná 250 duine i gContae Chorcaí i rith Chogadh na Saoirse sa bhliain 1921 – idir fhir, mhná agus leanaí, daoine ar an dá thaobh den choimhlint agus roinnt nach raibh sáite sa choimhlint beag ná mór. Is ábhar bróid ag grúpaí ar fud Chontae Chorcaí i mbliana a bheith ar an nglún daoine a dhéanann comóradh ar chothrom an chéid agus táthar ag tabhairt faoi thograí agus tionscnaimh éagsúla le cúnamh taca ó Choiste Comórtha Chomhairle Chontae Chorcaí, iad ar fad ag teacht leis na bearta atá i bhfeidhm maidir le Covid-19.

Is léargas orainn féin agus ar an gcás ina bhfuilimid inniu an chuimhne ar an am agus ar na daoine a chuaigh romhainn – réamhléargas san am i láthair ar ár bhféiniúlacht san am atá romhainn. I gContae Chorcaí, is deis an comóradh seo go maireann an chuimhne céad bliain dár gcionn.

Conor Nelligan
Oifigeach Oidhreachta

COMHAIRLE CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Tá ceiliúradh déanta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid le taispeántais, foilseacháin, imeachtaí agus ócáidí ón mbliain 2012 i leith.

Tá ceiliúradh déanta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid le taispeántais, foilseacháin, imeachtaí agus ócáidí ón mbliain 2012 i leith. Tá tábhacht faoi leith le himeachtaí na nDeich mBliana i nDún na nGall, ó aimsir an Chéad Chogadh Domhanda nuair a cailleadh na céadta fear óg as gach cuid den Chontae, go dtí tionchar na Teorann a théann i bhfeidhm ar chuid mhór gnéithe de shaol na ndaoine i nDún na nGall go dtí an lá atá inniu ann. Díríodh sa chomóradh a rinneamar ar a chinntiú nach ligfear scéalta na linne sin i ndearmad arís. Beifear ag díriú sa chomóradh reatha ar na blianta idir 1920 agus 1923 a scrúdú. Tá de chuspóir le clár na Comhairle tuiscint níos géire ar an tréimhse a chothú, go háirithe ar na scéalta éagsúla agus na cuimhní cinn éagsúla a bhfuil a lorg ar an bpobal. Tá tábhacht faoi leith leis sin agus an tionchar a bhí ag deighilt na tíre ar an gContae á scrúdú againn, nuair a d'fhág an Teorainn an Contae ionann agus scartha go hiomlán ón gcuid eile de Shaorstát Éireann agus ó Dhoire, an chathair is gaire dúinn.

Chuaigh teacht na teorann i bhfeidhm go bunúsach ar chuid mhór de scéal Dhún na nGall i rith an fichiú céad.

Tá de rún ag Comhairle Chontae Dhún na nGall, trí an Roinn Cultúir, tionscadail spéisiúla lán eolais a chur ar siúl i rith na bliana 2021 trína ndéanfar an tréimhse staire a thagann faoi scáth Dheich mBliana Chomóradh an Chéid i gContae Dhún na nGall a scrúdú. Beidh cuairt fhíorúil ar an taispeántas "From Conflict to Division Donegal 1919-1925" á chur ar fáil ag an iarsmalann ionas gur féidir le cuairteoirí as gach áit in Éirinn agus thar lear an taispeántas a scrúdú agus breis eolais a fháil ar ar thit amach i nDún na nGall i rith ré na réabhlóide. Tá de rún ag an iarsmalann chomh maith bunachar sonraí a chur le chéile de Rolla Onóra Chontae Dhún na nGall ina dtugtar liosta den uile dhuine as Dún na nGall a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda. Beidh teacht ar líne ar an mbunachar sonraí agus beidh eolas breise ar fáil nach bhfuil ar fáil san eagrán den leabhar a foilsíodh go dtí seo. Ar na tograí eile a chuirfidh an Roinn Cultúir i gcrích, beidh clár na nEalaíontóirí Cónaithe faoina mbeidh ealaíontóir á lorg, gan bheann ar an réimse cruthaitheachta a shaothraítear, a ligfidh bailiúcháin stairiúla na Comhairle i gcion ar an saothar a chruthaítear; Gairm Scoile Oscailte don aos dána maidir le saothar a chruthú a bheidh ina léiriú ar stair na linne; agus clár faoi leith do leanaí a chuirfear ar siúl i rith fhéile Wainfest do leanaí i mí Deireadh Fómhair.

Judith McCarthy
Coimeádaí

COMHAIRLE CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Local Legacies 1921/2021

Beidh cíoradh agus machnamh i gceist le Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2021 Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ar an tionchar a d'eascair ó imeachtaí cinniúnacha céad bliain ó shin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Chuaigh Cogadh na Saoirse, an sos cogaidh agus an Conradh Angla-Éireannach i gcion i gContae Bhaile Átha Cliath Theas mar a chuaigh in áiteanna eile ar fud na tíre i rith Chogadh na gCarad agus ar feadh na mblianta fada dár gcionn, anuas go dtí an lá atá inniu ann.

Beidh clár na bliana seo dírithe ar cheangal áitiúil le Cogadh na Saoirse. Déanfar an ceangal sin a chomóradh le himeachtaí cultúir, le machnamh ar an stair, le léachtaí, taispeántais agus cláir oideachais. Déanfar machnamh freisin ar shaol na hÉireann ag an am i gcomhthéacs níos ginearálta, mar shampla cúinsí sóisialta agus eacnamaíochta shaol mhuintir na háite i rith ré na réabhlóidíochta, an Ghaeilge agus saol an chultúir, ról na mban ag an am, oidhreacht airm Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus saol na bhfear a throid sa Chogadh Mór ar fhilleadh dóibh ar a bpobal féin i ndeisceart Bhaile Átha Cliath ina dhiaidh sin.

Ainneoin deacrachtaí leanúnacha mar gheall ar Covid-19, táthar ag tnúth leis an gcomhoibriú le lucht staire agus lucht ealaíne, le grúpaí pobail agus leis an bpobal i gcoitinne ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath Theas i mbun comóradh a dhéanamh ar an ré cinniúnach seo i stair na hÉireann.

Síle Coleman
Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach

Deich mBliana Chomóradh an Chéid Chiarraí 2021–2023

Déanfar an chéim dheireanach de cheiliúradh Chiarraí ar Dheich mBliana Chomóradh an Chéid den chuid is mó le taispeántas tábhachtach - *Revolutionary Kerry in 100 Objects* – arna chur ar siúl ar líne ar dtús agus á chóiriú ina dhiaidh sin mar thaispeántas mór a thúisce a mhaolaítear na srianta reatha agus a bhíonn rudaí ar ais mar is gnáth sa bhliain 2022.

Beidh réimse de thionscnaimh áitiúla ag cur leis an gceiliúradh sin, cuid mhór acu á gcur chun tosaigh ag Seirbhís Leabharlannaíochta Chiarraí le bearta eolais phoiblí agus oideachais trí

(i) **phostáil leanúnach ar na meáin shóisialta** faoi imeachtaí de réir mar a fhoilsítear tuairiscí orthu ar na páipéir nuachta áitiúla

(ii) **mír mhíosúil ar an raidió áitiúil** ag díriú ar imeachtaí a bhaineann le ré chomóradh an chéid agus

(iii) **digitiúcháin leanúnach ar bhailiúcháin ábhar a bhaineann le Ciarraí go háirithe** atá i dtaisce sna cartlanna poiblí.

Taispeántas

Leis an taispeántas *Revolutionary Kerry in 100 Objects* déanfar scrúdú ar an saol a bhí á chaitheamh ag muintir Chiarraí i rith Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad agus ar an gcaoi ar ghlac siad leis an saol ina dhiaidh sin. Beidh bailiúchán de dhéantúsán á chnuasach don taispeántas lena gcruthófar mósáic de shaol Chiarraí ag an am.

Gné lárnach den togra seo is ea rannpháirtíocht ghníomhach phobal Chiarraí i léargas cuimsitheach a chruthú de shaol na ndaoine sa chontae i rith na mblianta corraitheacha seo. Déanfar sin trí ghairm scoile réamh-mheasta d'fhonn déantúsáin atá i mbailiúcháin phríobháideacha go fóill agus nár cuireadh ar taispeáint go poiblí roimhe seo a thiomsú le chéile. Is deis seo ag gnáthdhaoine páirt a bheith acu i scéal an teaghlaigh a thabhairt i gcomhréir le heachtraí na linne.

Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann le paindéim Covid-19, is mar thaispeántas ar líne a dhéanfar a léiriú sa bhliain 2021 agus beidh catalóg á chur i gcló ag gabháil leis an taispeántas. Sa bhliain 2022, beidh an taispeántas á leagan amach in áras na hIarsmalainne le babhtáil go tráthrialta ar na déantúsáin go ceann sé bliana, cothrom céad bliain, sa bhliain 2028, ón tráth ar osclaíodh Halla Cuimhneacháin Thomáis Ághais sa bhliain.

Cúrsaí Digitiúcháin

Tá d'aidhm leis an g**clár digitiúcháin leanúnach** an réimse ábhair i mbailiúchán cartlainne Leabharlann Chiarraí a chur ar chaoi slán sábhála go leictreonach agus a chur ar fáil go poiblí, na cáipéisí sa chás seo a bhain le Tomás Mac Síthigh, Oifigeach i gCeannas ar chomplacht Pháirc na Darach den I.R.A. i dTrá Lí i rith Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad. Tá ábhar sa bhailiúchán freisin maidir leis an bhFórsa Cosanta Áitiúil, a chuid oibre i Ráschúrsa Bhaile Uí Bheagáin agus an bhaint a bhí aige tráth ab fhaide anonn le Fianna Fáil.

Ó thaobh gnóthaí digitiúcháin, tá isteach is amach le 1,100 íomhá sa bhailiúchán, cuid mhór acu a bhaineann le hiarratais ar phinsin do sheansaighdiúirí Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad. Ina Oifigeach dó, bheifí ag tnúth le síniú Thomáis Mhic Síthigh ag aontú le héileamh na bhfear a bhí faoina cheannas. Tá beartaithe an obair seo a chur i gcrích i rith na bliana 2021.

Eolas Poiblí agus Oideachas

Beidh de chuspóir eolas a aimsiú i bhfoinsí comhaimseartha, ó na nuachtáin áitiúla den chuid is mó, agus a chur i láthair an phobail ar mhaithe le hoideachas agus ionas go gcothaítear cuimhne ar imeachtaí na linne ar bhealach cneasta, cothrom, neamhchlaonta i ndáil leis an uile dhuine a d'fhulaing nó a fuair bás i rith na mblianta 1921-1923.

Tommy O'Connor
Leabharlannaí Contae

COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ

Uíbh Fhailí 2021

Tá bliain den chomhar oibre le cumainn staire áitiúla agus le dreamanna pobail leagtha amach ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí mar chuid de chomóradh an chéid. Is iomaí alt, léacht agus blag a cuireadh ar fáil le tamall de bhlianta anuas agus beidh teacht orthu sin as seo amach i roinn faoi leith de www.offalyhistory.com. Mar gheall ar an éiginnteacht maidir le cúrsaí caidrimh ag an bpobal i rith na bliana 2021, beidh béim láidir ar choimisiúnú a dhéanamh agus ar fhíseáin ghairide agus léachtaí a chur ar fáil ar líne. Beidh taispeántais grianghraif á n-eagrú ar líne agus an t-ábhar á chur ar taispeáint freisin i bhfuinneoga bhrainsí leabharlainne Uíbh Fhailí. Tá cuairteanna scoile, más féidir sin, á bpleanáil in Éadan Doire, i mBiorra agus i dTulach Mhór i rith an fhómhair.

Ar cheann de phríomhbhearta na bliana 2021, tá leabhar nua a fhoilsiú ina mbeidh 300 grianghraf den saol in Éirinn, dírithe ar eastát Biddulph i Ráth Roibín, Cnocán Bhólais. Beidh aiste sa leabhar faoi Uíbh Fhailí i rith na mblianta 1900-24. Tharla Teach Ráth Roibín a scrios ina dhiaidh sin i rith Chogadh na gCarad ach tháinig an bailiúchán grianghraif slán. Tá an dara foilseachán á bheartú maidir le teaghlach gnó Goodbody agus muintir Chlóirthigh i gcomhthéacs saol sóisialta agus tráchtála níos forleithne. Sa saothar staire seo le Harold Goodbody (nach maireann) déantar anailís ar Chlóirtheach i roimh agus tar éis an tréimhse atá i gceist le Deich mBliana Chomóradh an Chéid chomh maith leis an tréimhse sin féin agus comhthéacs níos ginearálta ina leith.

Cuntas ar Choire Ghéisille

Taighde a dhéanamh ar chogadh an neamhspleáchais i gcartlann Uíbh Fhailí

Amanda Pedlow
Oifigeach Oidhreachta

COMHAIRLE CONTAE NA MÍ

Seirbhís Leabharlannaíochta Chontae na Mí

Ba chúis áthais do sheirbhís leabharlannaíochta Chomhairle Chontae na Mí sa bhliain 2013, athchló a chur ar *Politics and War in Meath 1913-1923* le Oliver Coogan. Tuar maith mar a tharlaíonn ó d'fhoilsigh Tom French, leabharlannaí léann an cheantair, foilseacháin iomadúla i rith na mblianta dár gcionn, ina measc imleabhair chomóradh an chéid maidir le Francis Ledwidge (2017), dúnadh champa géibhinn an tSeanchaisleáin (2018), fir na hUaimhe a maraíodh sa Chogadh Mór (2018) agus creachadh Bhaile Átha Troim (2020).

I gcomhar le cumainn áitiúla staire a rinneadh mórchuid na n-imleabhar a chur le chéile. Cúitítear bearnaí in eolas na ndaoine le *A Bittern Cry, Oldcastle Camp 1914-18 – An Illustrated History, They Shall Grow Not Old* agus *Trim, September 1920* a chuireann go mór leis an tuiscint ar stair an chontae. Is iontach an teist saibhreas an ábhair a chuirtear ar fáil sna himleabhair thuasluaite sin ar an muinín agus ar an iontaoibh atá ag pobal na háite i roinn léann an cheantair. Saothraíonn na staraithe agus na leabharlannaithe in éineacht ar mhaithe le hábhar a aimsiú agus a thiomsú. Chuir cúnamh fial airgid ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Cumarsáide ar chumas na seirbhíse leabharlannaíochta na foilseacháin seo a chur ar fáil ar an gcaighdeán is airde priontála agus dearthóireachta. Is cúis áthais do phobal na háite na foilseacháin seo a fheiceáil agus tuigtear an fiúntas buan oidhreachta atá leo.

Ag tosú amach ar an mbliain 2021, tá an t-imleabhar clóite i lár an aonaigh arís sa chlár againn. Déanfaidh Ceardlann Staire na Mí agus Comhairle Chontae na Mí comóradh ar chéad bliain ó síníodh an Conradh Angla-Éireannach le foilseachán in onóir dhuine díobh siúd a shínigh - Éamon Ó Dúgáin as Contae na Mí. Beidh tuairisc ann ar an obair a rinne sé i rith na mblianta corraitheacha anuas go dtí an bhliain 1922 agus déanfar an cion tairbhe a rinne sé ar son an Stáit nua i rith na mblianta ina dhiaidh sin a mheas. Níos faide amach sa bhliain, foilseoidh seirbhís leabharlannaíochta Chomhairle Chontae na Mí *Curraghtown, July 1922* cnuasach de litreacha, de mhiontuairiscí agus d'ábhar eile as Cartlann Contae na Mí, as an gCartlann Náisiúnta agus as an gCartlann Mhíleata, arna dtiomsú in éineacht le tuairiscí as nuachtáin na linne ionas go dtugtar léargas ar eachtra a tharla i gContae na Mí i rith Chogadh na gCarad a tharraing cuid mhór conspóide agus aighnis.

Ciarán Mangan
Leabharlannaí Contae



COMHAIRLE CHONTAE AN LONGFOIRT

Athmhuintearas agus toradh buan

Gnéithe buntábhachtacha de chlár Chontae an Longfoirt is ea athmhuintearas, rannpháirtíocht an phobail agus tionscadail a mbeidh torthaí fadmharthanacha orthu.

Luíochán Chluain Fionn, a tharla ar an 2 Feabhra 1921, an eachtra is suntasaí a mbeidh comóradh á dhéanamh uirthi i mbliana. Fuair Colún Reatha Thuaisceart an Longfoirt, faoi cheannas Sheáin Mhic Eoin, an ceann is fearr san eachtra sin ar dhream Auxiliaries. Maraíodh ceathrar de na póilíní cúnta mar gheall ar an gcoimhlint. Léirigh muintir an cholúin daonnacht agus dea-chroí ag fónamh dóibh siúd a bhí gortaithe agus ag fáil bháis. Roinnt míonna dár gcionn, thug triúr de na póilíní cúnta fianaise i bhfabhar Mhic Eoin nuair a bhí sé ar a thriail os comhair cúirt airm agus dúnmharú curtha ina leith.

B'eiseamláir eachtra Chluain Fionn den phleanáil chúramach agus d'oirbheartaíocht. Léiríodh lena linn agus ina dhiaidh gur féidir trócaire, cneastacht agus athmhuintearas a léiriú fiú nuair atá coimhlint agus marú i gceist. Ní mór aird air sin i gcomóradh den rath ar an tréimhse staire.

Mar chuid den chomóradh ar eachtra Chluain Fionn, eagrófar tionscadal leis na bunscoileanna; scannán faisnéise arna léiriú ag duine as an áit; agus cuntas ríspéisiúil ar scéal pearsanta an tSr Maeve Brady RSM, iníon le duine den cholún reatha. Beidh réimse ócáidí freisin ar dheireadh seachtaine faoi leith arna eagrú i gcomhar le Coiste Comórtha Chluain Fionn. Tá buntábhacht le rannpháirtíocht an phobail ar an gcaoi sin maidir le rath a bheith ar chlár an chontae.

Ar na bearta eile atá á gcur i gcrích, tá pacáiste oideachais a léiriú do na ranganna sinsearacha sa scoil náisiúnta faoin teideal 'Ireland and Longford in times of war and revolution, 1914-23'. Beidh sin ina acmhainn thábhachtach maidir le stair na linne a theagasc.

Tá obair digitiúcháin á dhéanamh ar ábhar tábhachtach cartlainne. Beidh ardfhiúntas leis sin ó thaobh obair nua taighde, rud a bhfuil buntábhacht leis maidir le comóradh agus athmhachnamh. Ar na bailiúcháin a thagann i gceist, tá cáipéisí maidir le héileamh ar chúiteamh a rinne daoine ar tharla damáiste nó scrios dá n-áitreabh mar gheall ar ionsaithe díoltais agus éileamh a rinne póilín cúnta a gortaíodh. Tá cáipéisí eile a bhaineann le hoifigeach a maraíodh i rith chogadh na gcarad. Tugann na cuntais phearsanta seo tuiscint níos míne agus níos ilghnéithí dúinn ar chúrsaí na linne.

Martin Morris
Cartlannaí

COMHAIRLE CHONTAE MHUINEACHÁIN

Teorainneacha agus Críocha

Tá gné an phobail i gcroílár chlár na n-imeachtaí spéisiúla a chuir Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Mhuineacháin le chéile i rith Dheich mBliana Chomóradh an Chéid. Fágann Muineacháin a bheith suite ar an teorainn go raibh deiseanna faoi leith ann tabhairt faoi chomhar páirtnéireachta le heagraíochtaí agus grúpaí a bhaineann le dreamanna éagsúla. Cur chuige den rath seo maidir le machnamh a dhéanamh ar stair agus ar oidhreacht an oileáin agus cinntíodh dá réir gurbh fhéidir leis na glúnta ar fad caidreamh a chothú lena chéile agus dul i ngleic lena bhfuil i gceist lena bheith beo san áit seo ag an am seo.

Le súil chun cinn ar an gcéad chéim eile den chomóradh, tá rún againn machnamh a dhéanamh ar a dtagann i gceist le teorainneacha agus críocha sa réigiún seo trí scrúdú a dhéanamh ar an stair, ar an taithí saoil agus ar an áit a bhaineann leis an uile dhuine againn. Trí oibriú i gcomhar le páirtnéirí éagsúla trasna na teorann, beidh clár suimiúil ilghnéitheach á chur chun tosaigh ag Meitheal Cultúir Mhuineacháin a bhfuil de chuspóir lárnach leis a chur ar chumas an phobail caint agus plé, fiosrú agus machnamh a dhéanamh, a ndúshlán féin agus dúshlán a chéile a thabhairt ionas go gcothaítear caidreamh níos fearr go háitiúil agus go dtéitear chun cinn in éineacht mar phobal dlúth sa 21ú céad.

Tabharfar sin i gcrích le cur in iúl ealaíontóirí, le forbairt dhigiteach, le hanamúlacht, le scríbhneoireacht, le taispeántais idirghníomhaíochta agus le himeachtaí poiblí. Beidh na torthaí éagsúla a thagann ar an togra spéisiúil seo lena ndéantar fiosrú faoi thréimhse tábhachtach ilghnéitheach staire gairid go maith ó shin á chur ar taispeáint i gCampas Síochána Chomhairle Chontae Mhuineacháin, spás pobail nua ilúsáide a thiocfaidh i bhfeidhm, ar a thabhairt i gcrích sa bhliain 2022, ar an gcontae agus ar réigiún na teorann go ceann blianta fada amach romhainn.

Deirdriu McQuaid
Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach

COMHAIRLE CHONTAE LOCH GARMAN

Tá líon mór daoine i gContae Loch Garman rannpháirteach i gcónaí i gClár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid ó bhí na mílte ar shráideanna Inis Córthaidh sa bhliain 2016 chun comóradh a dhéanamh ar eachtraí áitiúla an éirí amach. Le blianta beaga anuas, tháinig líon mór daoine i láthair ag laethanta oscailte digitiúcháin, ag taispeántais agus ag léachtaí poiblí maidir le hábhar spéise áitiúil agus náisiúnta.

Ag cruinniú oscailte poiblí i ndeireadh na bliana 2019, ag a raibh níos mó ná 200 duine i láthair, a leagadh an bhunchloch do chlár cuimsitheach na mblianta 2020-2023. Cuireadh tuairimí agus moltaí leathanréimseacha chun cinn ag an gcruinniú ach bhí téama amháin ag rith leis an iomlán: fonn clár uilechuimsitheach urramach trína gcuirfí leis an tuiscint ar ar thit amach sa Chontae i ré corraitheach na linne.

Ar cheann de na téamaí a tháinig chun cinn go tréan ó na bearta comhairliúcháin, bhí sraith a thabhairt chun cinn mar chuid den chlár trína gcothófaí spéis leanaí agus dhaoine óga in imeachtaí 100 bliain ó shin. Tar éis chomh maith agus a d'éirigh le pacáiste scoile a chuir an tseirbhís leabharlannaíochta le chéile maidir le 1916 i gContae Loch Garman, tá leabhrán eolais á chur le chéile le tráthchlár d'eachtraí a thit amach go háitiúil agus téamaí faoi Chogadh na Saoirse a dháilfear ar an uile scoil sa Chontae i rith na bliana 2021. Tá boscaí speisialta á gcoimisiúnú freisin ag Seirbhís Cartlannaíochta Chontae Loch Garman, le cúnamh ón gclár Éire Ildánach, ina mbeidh macasamhail de cháipéisí agus de dhéantúsáin agus tabharfar na boscaí ar iasacht do dhaltaí bunscoile agus iarbhunscolaíochta. Ar an ábhar a bheidh sna boscaí, tá macasamhla de mhíreanna éagsúla, comhfhreagras le príosúnaigh agus cuntas beatha bheirt fhear agus bheirt bhan as na bailiúcháin maidir le Cogadh na Saoirse atá i dtaisce i gCartlann Contae Loch Garman.

Bhain deacracht leis an athrú go dtí réimse digiteach amháin mar gheall ar chúrsaí COVID ach d'éirigh sin an deacracht a shárú i gContae Loch Garman. Áirítear ar na hacmhainní digiteacha a cuireadh ar fáil den chéad uair sraith de pháipéir nuachta áitiúla na linne, geomhapáil agus taispeántais dhigiteacha a mbeidh ardfhiúntas leo ag an lucht taighde agus ag daltaí iarbhunscolaíochta.

Beidh taispeántas ar líne maidir le hábhar cartlainne á chur le chéile i rith na bliana 2021 – Cogadh na Saoirse i gContae Loch Garman mar a léirítear ón ábhar atá i dtaisce i gCartlann Contae Loch Garman (bearta an rialtais áitiúil san áireamh) chomh maith le hobair dhigitiúcháin ar ábhar bunfhoinsí:

- **Cín lae a bhí ag Seán Sinnott i rith a thréimhse in Inis Píc, 1921**
- **Leabhar miontuairiscí CLG i gCampa Bhaile Coinnleora Uimh. 2, 1921**
- **Edward Roe archive (catalóg agus cáipéisí/ déantúsáin)**
- **Catalóg d'ábhar cartlainne T. D. Sinnott**

Tá Comhairle Chontae Loch Garman cinnte go leanfaidh an pobal ag cur spéise agus ag glacadh páirte le barr measa sa chéad chéim eile den chomóradh lena mbainfidh clár breá beartaíochta i ngach ceann de na Ceantair Bardais, cainteanna agus taispeántais ar líne, podchraoltóireacht agus clár raidió áitiúil ar South East Radio.

Eileen Morrissey
Leabharlannaí Contae



WEXFORD TRADES AND LABOUR COUNCIL.

THE VOICE OF LABOUR.

In support of the Labour Candidates at the forthcoming Municipal Elections

A GREAT LABOUR

Demonstration

WILL BE HELD

On Sunday Next, January 11th

AT ONE O'CLOCK.

Trades Unions, with their Banners, will assemble on The Quay, between Common Quay Street and Anne Street.

All Workers, Women and Men, should take part and show that they are determined that Government by the People in the interests of the People must prevail in Wexford.

Mr. E. McAlpine, New York, and other well-known Speakers will deliver Addresses.

Several Bands will Attend.

SHALL THE PEOPLE RULE?

4 Sraith Léiriú na Cruthaitheachta

Leanfar i rith na bliana 2021, de léiriú na healaíne agus na cruthaitheachta a chur chun cinn faoi chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid. Beidh ról tábhachtach le bearta ealaíne agus cruthaitheachta maidir le machnamh, fiosrú agus plé a chothú ionas go bhféadann daoine den uile thraidisiún ceisteanna a chíoradh agus a mheas a d'fhéadfadh a bheith casta anróiteach.

Tugann beartaíocht chultúrtha deis shábháilte freisin snátha casta sna scéalta a eascraíonn ó dheighilt an oileáin a chíoradh.

Déanfaidh an Chomhairle Ealaíon, na húdaráis áitiúla, na Forais Náisiúnta Cultúir, na hEagraíochtaí Náisiúnta Ealaíne agus eagraíochtaí áitiúla cultúir cion tábhachtach faoin tSraith seo. Admhaítear sa lón treorach ó Ghrúpa Comhairle na Saineolaithe maidir le Comóradh an Chéid an ról suntasach atá leo ina mbróicéirí cultúrtha – i mbun bainistíochta ar an bplé agus ag spreagadh an phobail ar bhealach éifeachtach le cur in iúl na cruthaitheachta.

Áirítear iad seo a leanas ar na tionscnaimh agus na bearta comhpháirtíochta a d'fhéadfadh a theacht faoin gclár maidir le Léiriú Cruthaitheachta i rith na bliana 2021/2022 (ach ní chuirtear i gceist gur liosta lánchuimsitheach seo):

Córas Nua Páirtnéireachta leis an gComhairle Ealaíon mar bhonn faoi choimisiúin nua d'ealaíontóirí den uile sheánra agus mianach

Táthar i mbun forbartha faoi láthair ar an togra seo a bhfuil i ndán go dtabharfaí deis leis d'ealaíontóirí maidir le réimse leathan seánraí dul i ngleic le téamaí casta anróiteacha ar bhealach an-suimiúil. Cuirfidh léiriú na n-ealaíontóirí agus an aos cruthaitheachta ar eachtraí agus ar théamaí a bhaineann le fuílleach Dheich mBliana Chomóradh an Chéid, Cogadh na gCarad san áireamh, bunábhar ar fáil maidir le hathscrúdú ar an gcuid sin de stair na tíre agus deis dearcadh ilghnéitheach a fháil air. Tá súil go gcothófar deis freisin scrúdú a dhéanamh ar an stair shóisialta agus ar ghnéithe maidir le cultúr, aicme agus inscne.

Forfheabhas ar Sparánachtaí Markievicz

D'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le gairid go gcuirfear go mór le ***Gradam Markievicz***, an scéim sparánachtaí d'ealaíontóirí i rith na mblianta 2021-2023.

Bronnfar cnuas faoin scéim gach bliain idir 2021-2023 ar suas le deichniúr ealaíontóir (cibé ealaíontóirí aonair ag saothrú astu féin nó ealaíontóirí ag saothrú i gcomhar) – dhá oiread líon na mblianta roimhe seo – agus luach suas le €25k i ngach cnuas, ardú ón €20k a cuireadh ar fáil i rith na blianta roimhe seo. Oibreoidh an Roinn i bpáirtnéireacht leis an gComhairle Ealaíon maidir le riarachán na scéime agus fógróidh an tAire na daoine a bhfuil sparánachtaí na bliana 2021 á mbronnadh orthu i dtús mí Aibreán.

Tá de rún le Gradam Markievicz go gcuideofaí le healaíontóirí a gcuid ealaíne a thabhairt chun foirfeachta agus saothar cumasach a chur ar fáil lena léirítear agus lena ndéantar comóradh ar ról na mban i rith an ré staire is ábhar do Dheich mBliana Chomóradh an Chéid agus ó shin agus ina dhiaidh sin.

Scéim Phíolótach nua maidir le Comhlachtaí Ionadaíochta Náisiúnta maidir le cúrsaí Ealaíne

Tá scrúdú á dhéanamh faoi láthair ar scéim phíolótach caidrimh le heagraíochtaí ionadaíochta náisiúnta i réimse na healaíne a chuideodh le lucht na cruthaitheachta dul i ngleic le téamaí mórthábhachtacha Dheich mBliana Chomóradh an Chéid le gnéithe éagsúla den ealaín go bhfeictear an féidir an scéim sin a thabhairt chun cinn. Táthar ag tnúth go gcuirfear faoin Scéim seo daoine den lucht ealaíne agus cruthaitheachta ó réimse leathan seánraí i mbun machnaimh ar na téamaí a bhaineann le Deich mBliana Chomóradh an Chéid agus go gcuirfear bunsaothar ar fáil a chothóidh ceangal idir an pobal agus an ré seo den stair.

Comhar nua Páirtnéireachta le Cartlann Léitheoireacht Filíochta na hÉireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Tá comhar nua páirtnéireachta á thabhairt chun cinn le Cartlann Léitheoireacht Filíochta na hÉireann. Faoin tionscnamh seo, bainfear leas as meán na filíochta chun treisiú le tuiscint an phobail i gcoitinne ar an ré anróiteach seo i stair na ndaoine ar fad le meon macántachta agus uilechuimsitheachta.

Is minic a rinneadh léitheoireacht filíochta mar chuid den chomóradh poiblí ó thús Dheich mBliana Chomóradh an Chéid – agus tuiscint mhíndealaithe á spreagadh ar cheisteanna casta. Oibreoidh Cartlann Léitheoireacht Filíochta na hÉireann i gcomhar le hÉigse Éireann. Gné lárnach den tionscnamh seo coimisiúnú a dhéanamh ar chnuasach dánta i mBéarla agus i nGaeilge, faoi thopaicí, faoi théamaí agus faoi eachtraí, a ngabhann cáipéisíocht bunfhoinsí leo atá ar coimeád i dtaiscí cartlannaíochta ar fud na tíre agus a bhaineann le Cogadh na Saoirse agus le Cogadh na gCarad. Déanfar na dánta a fhoilsiú, a thaifeadadh agus a chaomhnú i gCartlann Léitheoireacht Filíochta na hÉireann agus beidh an cnuasach a fhoilsítear agus aon ábhar clóite eile a chruthaítear ar coimeád i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ar fáil ag an lucht léitheoireachta ar fud an domhain. Beidh clár caidrimh poiblí agus pobail á chur ar siúl freisin do dhaoine fásta agus do leanaí ar fud oileán na hÉireann.

Clár Nua Ealaíontóirí Cónaitheacha

Seoladh clár nua ealaíontóirí cónaitheacha i gcomhar leis an Leabharlann Náisiúnta, an tArd-Mhúsaem, Beyond 2022 agus an Chartlann Mhíleata ar an 22 Feabhra 2021 d'fhonn ábhar bunfhoinsí sna heagraíochtaí sin a chur i láthair do dhreamanna nua.

Déanfaidh gach eagraíocht ealaíontóir a fhostú, arna roghnú maidir le haon réimse faoi leith den ealaín nó le réimsí éagsúla (ag brath ar riachtanais sonracha na n-eagraíochtaí éagsúla) d'fhonn díriú ar théama nó ar théamaí a thagann i gceist le Deich mBliana Chomóradh an Chéid. D'fhógair an tAire Martin an cúigear ealaíontóirí roghnaithe ar an 23 Aibreán, 2021.

Meastar go dtiocfaidh de thoradh ar an tionscnamh seo go mbeidh eolas agus smaointe nua i ngach eagraíocht, modhanna nua chun dul i ngleic leis na bailiúcháin agus leis an bpobal. Tabharfar deis speisialta don ealaíontóir ar bhailiúcháin, spásanna agus saineolas na heagraíochta mar lón ábhair dá gcuid saothair féin. D'fhéadfadh feabhas a bheith ar chás an chuairteora mar gheall ar an gcomhobair le taispeántais nua, cur i láthair nua agus cur chuige nua maidir le bailiúchán a bhreathnú agus lena gcur i láthair le dearcadh an ealaíontóra.

Áiléar Crawford Corcaigh

Tá dhá thaispeántas á n-eagrú ag Dánlann Crawford ina ndéantar cíoradh ar chomhthéacs áitiúil agus ar chomhthéacs domhanda na n-imeachtaí a tharla i rith an tréimhse seo - *Citizen Nowhere/Citizen Somewhere*, arna léiriú ag Dawn Williams a bhí ar crochadh go dtí tús mí Aibreán 2021; agus *For Those, That Tell No* Tales, arna léiriú ag Dara McGrath, atá beartaithe a chur ar siúl i rith samhradh na bliana 2021.

Tá clár idirghníomhaíochta ar líne á leagan amach ag an Dánlann chomh maith a bheidh dírithe ar théama 'Teistiméireacht an Fhoirgnimh' le macalla ar thréimhse Chogadh na gCarad.

Ag tosú ar an 6 Nollaig 2021 – cothrom céad bliain ón lá ar síníodh an Conradh Angla-Éireannach – leanfaidh an togra, an fad céanna a lean Cogadh na gCarad, go dtí an 15 Nollaig 2023, tráth a mbeidh ceiliúradh ar Thiomnacht Gibson agus an plé faoi *Men of the South*, an saothar iomráiteach le Séan Keating, a cheannach.

Beidh an togra dírithe go háirithe ar réimsí den stair a ligtear i ndearmad a bhaineann le nithe agus le hócáidí, leis an duine aonair agus le grúpaí sóisialta, atá fite fuaite le stair an fhoirgnimh. Tá de chuspóir leis an togra go dtiocfaí ar léargas nua faoi ghnáthchúrsaí an lae chomh maith le grianghraif, ailt nuachtáin, miontuairiscí an Bhoird Bainistíochta, rollaí an Lucht Teagaisc agus an Lucht Léinn, agus ábhar cáipéisíochta eile.

Beidh béim faoi leith mar chuid d'ábhar láithreán gréasáin Dhánlann Crawford, chomh maith le hábhar rialta ar na meáin shóisialta, ar dháta, ar dhéantúsáin, ar imeachtaí agus ar dhaoine a raibh suntas go forleathan nó go logánta leo. Díreofar aird ar scéalta phearsaí éagsúla, mar shampla Diarmuid Ó Ceallacháin – an tríú Ard-Mhéara ar chathair Chorcaí a ceapadh sa bhliain 1920 (tar éis dhúnmharú Thomáis Mhic Curtáin agus bás Thraolaigh Mhic Shuibhne) a bhí ar Choiste Thiomnacht Gibson (ciste ceannacháin agus ciste deontas taistil do mhic léinn a cuireadh ar bun sa bhliain 1919 tar éis bhás Joseph Stafford Gibson) chomh maith le grianghraif den fhoirgneamh le sreanga dealgacha ina thimpeall, comhfhreagras de chuid Barry Egan, an gabha geal a chruthaigh sainmharc an bháid seoil dhá chrann le caisleán gach aon taobh de ionas gurbh fhéidir earraí Airgid Phoblacht na hÉireann a chruthú i rith Chogadh na gCarad, tráth ar measadh contúirt rómhór i gceist le hearraí airgid a sheoladh go Baile Átha Cliath.

Comhar nua páirtnéireachta le 'Fighting Words'

Tá comhar nua páirtnéireachta idir ***Fighting Words*** agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán á thabhairt chun cinn ionas go gcothaítear spéis, i measc dhaoine óga go háirithe, i dtéamaí a thagann i gceist le Deich mBliana Chomóradh an Chéid. Tá beartaithe ag *Fighting Words* spéis dhaoine d'aoisghrúpaí éagsúla a chothú i scéalta a scríobh, ionas go dtapaíonn daoine a gcuid samhlaíochta, a gcuid staire agus a gcuid smaointe chun gnéithe de shaol an oileáin sa bhliain 1921 a léiriú chomh maith leis an gceangal idir sin agus saol an lae inniu agus an saol atá amach romhainn.

Togra ar fud an oileáin uile a bheidh anseo le *Fighting Words* agus *Fighting Words Northern Ireland* ag obair in éineacht chun geallsealbhóirí ó Thuaidh agus ó Dheas a spreagadh. Tá cuspóirí faoi leith ag baint le gnéithe trasna na teorann agus idir dreamanna éagsúla. Beidh leanaí á spreagadh le scríobh a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge agus beidh fáilte freisin roimh scéalta i dteangacha eile. Spreagfar leanaí agus daoine óga den lucht imirce le stair agus scéalta a gcultúr féin a tharraingt isteach.

ÁRAS NUA-EALAÍNE NA HÉIREANN (IMMA)

Clár poiblí trí bliana 2021-2023

Mar chuid den chéim dheireanach de Dheich mBliana Chomóradh an Chéid, tá clár ilghnéitheach á leagan amach faoi láthair ag Áras Nua-Ealaíne na hÉireann maidir le tréimhse na mblianta 2021-2023. Beidh comhdháil idirnáisiúnta agus coimisiúin d'ealaíontóirí i gceist agus taispeántas mórscála de thoradh air faoin teideal 100 years of Self- Determination: An International Survey a mbeidh clár foghlama agus caidrimh ag gabháil leis.

Déanfar leis an gclár uaillmhianach seo athmheas ar an ról a bhí leis an ealaín agus le healaíontóirí maidir le gluaiseacht idirnáisiúnta an fhéinrialaithe faoi mar a leag Woodrow Wilson amach ag Conradh na Náisiún (1919). Cén bhrí a bhí le bunú an stáit nua in Éirinn? Cé mar a samhlaíodh sin don lucht ealaíne agus filíochta? Cé mar a cuireadh sin i gcomhthéacs idirnáisiúnta tar éis an Chéad Chogadh Domhanda? Cé mar a tharla go deimhin gur lean an ceangal doscaoilte, mar a shílfí, le coilíneachas na Breataine, ag teacht roimh iarracht dóchasach, uaillmhianach, nua-aimseartha na hÉireann ceangal le cumann 'nua' idirnáisiúnta na náisiún nuabhunaithe?

Beidh clár forleitheadach caidrimh agus foghlama ina chuid lárnach den togra agus béim faoi leith ar chomhar lánchiallmhar a chothú leis na hÉireannaigh 'nua'. Beidh clár lánchuimsitheach de chainteanna, de cheardlanna, de thograí le scoileanna agus le coláistí agus de chaidreamh leis an bpobal, ar an láthair agus go digiteach, ag gabháil leis an taispeántas.

Cothóidh an tÁras Nua-Ealaíne caidreamh le réimse leathan den phobal agus le dreamanna tábhachtacha trí chuairteanna agus trí cheardlanna, de chineálacha fíorúla agus sna dánlanna féin; le cláir stiúideo i mbloc stiúideo an Árais d'ealaíontóirí cónaitheacha; le cainteanna; agus le himeachtaí a mbeidh ealaíontóirí chun tosaigh ina leith. Beidh cláir shonraithe ina n-ábhar spreagtha ag comhthéacsanna pléite, mar shampla an clár Cainteanna agus Léachtaí, Grúpa Léitheoireachta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus Scoil Samhraidh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann 2023.

Beidh gné taighde ag rith leis an gclár chomh maith agus sin dírithe go sonrach ar ionad an Ospidéil Ríoga i gCill Mhaighneann ionas go mbíonn tuiscint níos fearr ar an ról a bhain leis i rith na mblianta 1919-23 agus cineál an tsuímh agus an aighnis ina leith. Tiocfaidh léargas de thoradh ar an taighde sin a bheidh ina chabhair maidir le scrúdú a dhéanamh ar thuairimíocht i ré na staire agus san am i láthair maidir le féin-rialú agus ar an ról a bhí le cúrsaí ealaíne agus cultúir maidir le polaitíocht na saoirse agus an neamhspleáchais i ré na nua-staire.

AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA (NCH)

Baineann suntas ar leith leis an gConradh Angla-Éireannach don Cheoláras Náisiúnta ó tharla gur in Ardán Phort an Iarla a tharla na díospóireachtaí maidir leis an gConradh. Tá tionscnamh ceoil nua á fhorbairt ag an NCH, bunaithe timpeall idirbheartaíocht an Chonartha agus díriú ar na rannpháirtithe aonair éagsúla chuig na díospóireachtaí. Tá togra an NCH ag tacú leis an tionscnamh seo faoi phlé idir oifigigh D/TCAGSM agus an NCH faoi láthair agus tá ag súil go dtabharfar chun críche é go luath.

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN (NGI)

Tá raon tionscnamh ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i forbairt chun imeachtaí céad bliain a cheiliúradh. Tá An Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltacht, Spórt agus Meán i dteagmháil leis an NGI maidir leis na pleananna seo.



Deich mBliana na gCuimhneachán 2022/2023 - pleananna táscacha

Pleananna le haghaidh comóradh céad bliain an Chogaidh Chathartha

Forbrófar éagsúlacht shaibhir tionscnamh faoi na ceithre shraithe téamacha lena chinntiú go bhfuil tionchar agus oidhreacht thréimhse an Chogaidh Chathartha aitheanta agus iniúchadh go hiomlán.

Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaí searmanas cuimhneacháin agus athmhuintearais a thionól ar dháta neodrach chun cuimhneamh ar gach duine a chaill a mbeatha le linn Chogadh na gCarad. Tá sé beartaithe go nglacfaidh comóradh an Stáit a chur ar dháta neodrach go luath san fhómhar 2022, roimh chomóradh fhorghníomhaithe an Chogaidh Chathartha ag tosú an 17 Samhain.

De réir threoir ón Grúpa Comhairle na Saineolaithe, beidh fócas an Stáit ar comóradh agus athmhuintearas agus is soláthróidh acadúil an fóram chomhdháil oiriúnach do na himeachtaí a tharla a scrúdú agus a phlé le linn na tréimhse seo.

Sa chomhthéacs seo, eagróidh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus comhdháil acadúil náisiúnta a óstáil chun an comóradh céad bliain an Chogaidh Chathartha (sceidealta go sealadach do Mheitheamh 2022). Ionracas agus neamhspleáchas an beidh clár comhdhála fíorthábhachtach. Déanfaidh an Stát maoiniú, aitheantas agus tacaíocht chuí a sholáthar ach ní bheidh aon bhaint aige le cinntí a bhaineann le téamaí, cainteoirí agus ábhar cláir.

Cuireadh tús le go leor de na comhpháirtíochtaí i 2021 (go háirithe déanfar tuilleadh forbartha ar na comhpháirtíochtaí cultúrtha) mar chuid den chlár Cogadh Cathartha agus mar mhionsonraí Cuirfear an clár ar fáil go luath i 2022. Ina theannta sin, táthar ag súil le méadú suntasach na bliana seo a choinneáil i maoiniú d'údaráis áitiúla go 2022.

Smacht ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath á thabhairt dúinn (16ú Eanáir 1922)

Tionólfar Cuimhneachán Stát agus fáiltiú ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 16ú Eanáir 2022, faoi stiúir na Roinne an Taoisigh. Déanfaidh an clár comórtha siompóisiam mór acadúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath freisin a thabharfadh roimh ócáid searmanais an Stáit a mharcáil comóradh céad bliain a aistrithe, agus go comhoibritheach imeachtaí cultúrtha, ealaíne agus oideachais eagraithe. Beidh neamhspleáchas acadúil thar a bheith tábhachtach, ar aon dul le formáid na gcomhdhálacha eile atá le teacht agus an treoir ón nGrúpa Comhairleach Saineolaithe.

Bunú an Stáit (6ú Nollag 1922)

Tionólfar Cuimhneachán Stáit ar an 6ú lá nó gar dó i mí na Nollaig 2022, mar aitheantas ar an streachailt chun socrú carachtar daonlathach agus institiúidí na nua Stát Éireannach nua a tháinig chun cinn. Déanfaimid iniúchadh ar chlár comhlántach de imeachtaí cultúrtha, cruthaitheacha agus oideachais

Institiúidí Saorstát Éireann a bhunú i 1922

Forbrófar tionscnaimh chuí chun na institiúidí éagsúla Saorstát Éireann a bhunú lena n-áirítear:

- **bunú an Garda Síochána ag Saorstát Éireann;**
- **bunú an Státseirbhís,**
- **bunú Óglaigh na hÉireann; agus**
- **éabhlóid an chórais bhreithiúnaigh roimh 1922 faoi riaracháin Saorstát Éireann.**

Conradh na Náisiún

Chuaigh Éireann isteach i Conradh na Náisiún i Meán Fómhair 1923 agus molann an Saingrúpa Comhairleach é seo mar chríochphointe oiriúnach de Clár Dheich mbliana na gCéad bliain. An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán le comhghleacaithe ar fud an Rialtais, faoi stiúir na Roinne Gnóthaí Eachtracha, i bhforbairt ionad clár oiriúnach chun an comóradh céad bliain seo a cheiliúradh.

Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

www.gov.ie

@DeptCultureIRL

@DepartmentofCultureIRL

tourism.culture.gaeltacht

departmentofcultureirl

An Roinn a dhéanann comhordú náisiúnta ar Chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid an rialtais a fhorbairt agus a chur i gcrích agus is féidir teacht orainn ar commemorations@tcagsm.gov.ie maidir leis an doiciméad seo nó le haon ábhar eile a éiríonn faoin gclár.

Deich mBliana na gCuimhneachán

www.decadeofcentenaries.com

@Centenaries

@decadeofcentenaries

Déanann History Ireland bainistíocht ar an acmhainn shainiúil seo i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus faisnéis ar líne faoi Chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid a chur ar fáil.

Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata

www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection-1916-1923

@mspcblog

Soláthraíonn an Bailiúchán, de bheagnach 300,000 comhad iarratais agus cáipéisíocht tacaíochta, pictiúr mionsonraithe de ghníomhaíochtaí Óglaigh na hÉireann ar a n-áirítear an tArm Náisiúnta, Irish Volunteers, agus Irish Citizen Army agus fórsaí frithchonartha i rith na tréimhse ó Éirí Amach 1916 go deireadh an Chogaidh Chathartha i 1923.

An Chartlann Mhíleata

www.militaryarchives.ie/home

@dfarchives

dfarchives

Is í an Chartlann Mhíleata an áit oifigiúil a bhfuiltear ag cur taifid Óglaigh na hÉireann, na Roinne Cosanta agus Bhord na nArm-Phinsean i dtaisce.

Century Ireland

www.rte.ie/centuryireland/

@CenturyIRL

Cuidíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le Century Ireland, tionscnamh ar líne mar a bheadh páipéar nuachta stairiúil ann trína gcuirtear i láthair scéal shaol na hÉireann céad bliain ó shin, arna fhoilsiú uair sa choicís ag dream taighde in Boston College agus á chur i láthair an phobail ag RTÉ.

Tá snátha scéil leagtha amach ag an lucht taighde agus ábhar cartlainne a chuireann leo sin sonraithe don bhliain 2021. Tá ábhar anailíse agus gné-ailt á scríobh agus á choimisiúnú acu a chuirfidh leis an tuairiscíocht staire.



THE IRISH TRUCE

Active Operations to be Suspended by British Forces and I.R.A.

THE PRESIDENT'S APPEAL

"Every Soldier and Citizen a Custodian of the Nation's Honour"

The sensational events in connection with Friday's Mansion House Conference between the Nationalist leaders and the Irish Unionist representatives had their sequel yesterday, when it was announced that a cessation of hostilities by the I.R.A. and the British Crown forces would take place as from mid-day on to-morrow (Monday).

This announcement has since been confirmed by a communique issued from military G.H.Q., Parkgate street, and an I.R.A. general order, signed by the Chief of Staff.

The terms of the truce are clearly defined in the official statements given below. They include a complete suspension of hostilities on both sides, and the abandonment of the Curfew regulations.

In a Proclamation issued last evening Mr. De Valera calls on every individual soldier and citizen to be the custodian of the nation's honour, and to show by the maintenance of a perfect discipline that this is the fight of an organised nation. "Your representatives," he says, "will do their utmost to secure a just and peaceful termination of the struggle."

Forais Chultúrtha

Click Here

Comhordaitheoirí údaráis áitiúil de Deich mBliana Céad Bliain 2012-2023

Click Here

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

cliceáil anseo le haghaidh faisnéise fotheidil/creidmheasaar faoi íomhá sa Chlár